Bhí rannpháirtíocht meantóirí go maith agus fuarthas aischothú dearfach óna gcuid eispéireas sa rang. Bhí tinreamh maith ar imeachtaí i gcaitheamh na bliana agus bhain na scoláirí taitneamh astu. Scaipeadh suirbhéanna ar líne trí Survey Monkey i gcaitheamh na bliana ar na scoláirí a bhí rannpháirteach agus fuarthas aischothú an-mhaith. Mhothaigh na scoláirí go raibh tábhacht ag baint leis na cainteanna agus gur thugadar inspioráid dóibh. Agus iad ag imeacht bhí tuiscint níos fearr ag na scoláirí ar an bhfiontraíocht agus slite chun a gcuid smaointe féin a chur chun cinn. Bhain na scoláirí fíor-thaitneamh as na seisiúin phitseála ag an nGrodchúrsa Gnó.

Ag an tríú leibhéal (Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí) bhí baint ag Clár an Fhiontraí Óig thar seimeastair I agus II ag 152 mhac léinn ó réimse leathan cúrsaí lena n-áirítear Fuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh, Sláinte & Fóillíocht, Bitheolaíocht Fiadhúlra, Innealtóireacht Shibhialta, Innealtóireacht Mheicniúil, Staidéar Gnó, Bainistíocht Fhoirgníochta, Máistreacht i Staidéar Gnó, Cúram agus Oideachas Luathóige agus Cúram Sóisialta.

Ainmníodh Clár an Fhiontraí Óig sa chatagóir "Gradam um Chur chun cinn Spiorad na Fiontraíochta" ag Gradaim Fiontair na hEorpa i mBúdaipeist i mí Bhealtaine. Leis an ngradam Eorpach seo tugtar aitheantas do shármhaitheas i measc údaráis réigiúnacha agus áitiúla. Agus urrú á fháil acu ón gCoimisiún Eorpach tugann siad onóir do thionscnaimh den scoth a thacaíonn leis an bhfiontraíocht ar fud na hEorpa.

Príomhimeachtaí agus Garspriocana

Lá na Spéire Goirme (1 Deireadh Fómhair 2010)

Ba é Lá na Spéire Goirme imeacht tosaigh na bliana agus bhí sé dírithe ar coincheap na fiontraíochta a chur in iúl do na scoláirí. Ar an lá fuaireadar deis léargas luachmhar a fháil ar shaol fiontraithe atá chun tosaigh ina ngairm.

Is é a bhí i gceist agus na cainteoirí agus painéalaithe á roghnú ná na scoláirí a spreagadh agus a ghríosadh agus eolas luachmhar a thabhairt dóibh ag an am céanna. D'inis na cainteoirí scéalta faoi mar a d'éirigh leo agus dhíríodar ar an tslí inár chumadar a gcuid smaointe gnó. Ba é Denis O'Brien an príomhchainteoir. Chuir na scoláirí agus na daoine fásta araon suim mhór ann. Bhí tuairim is 700 duine (idir scoláirí, múinteoirí, aíonna a fuair cuireadh) i láthair ar an lá).

An Fiontraí Denis O'Brien agus mic léinn ar Lá na Spéire Goirme

Ceardlann Plean Gnó (19 Samhain 2010)

Mic léinn agus meantóirí ag an gCeardlann Plean Gnó

Bhí an Ceardlann Plean Gnó dírithe ar mhúnla gnó agus cúrsaí airgeadais. D'oibrigh na meantóirí leis na scoláirí agus a gcuid múinteoirí i ngrúpaí oibre. Chabhraíodar leo athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus láithreoireachtaí gnó. Bhí na ranganna agus na meantóirí measctha trína chéile chun deis a thabhairt do na scoláirí idirghníomhú le grúpaí ranga eile, éisteacht lena gcuid smaointe agus aischothú a fháil ó mheantóirí eile. Reáchtáladh ceardlanna i dtrí ionad (Ciarraí, Luimneach agus Corcaigh).

Grodchúrsa Gnó (4 Feabhra 2011)

Bhí lucht éisteachta tuairim is 550 duine ag an nGrodchúrsa Gnó. Bhí an t-imeacht dírithe ar an ngnó agus ar na cainteoirí a bhí i láthair. Cuireadh faoi agallamh iad maidir le hábhair a bhain le codanna de sna pleananna. Ba iad na seisiúin phitseála buaicphointí an imeachta.

Plean Gnó a chur Isteach & an Scrúdú

Cuireadh na Pleananna Gnó isteach ar an 4 Márta 2011 agus chuaigh na scoláirí faoi scrúdú ar an 13 Márta 2011.

Pitseáil don nGearrliosta (1 agus 6 Aibreán 2011)

Ag an dara leibhéal bhí 50 plean ar an ngearrliosta agus tugadh cuireadh do na scoláirí pitseáil a dhéanamh os comhair painéal meantóirí de chuid Bliain an Fhiontraí Óig ag Páirc Teicneolaíochta Chiarraí. Roghnaíodh an 14 thogra dara leibhéil as a líon sin.

As an 152 mac léinn i Seimeastar I agus II cuireadh 21 ghrúpa ar an ngearrliosta i dtús báire agus dhein 9 ngrúpa pitseáil chuig painéal gearrliosta deiridh ar an 1 Aibreán. Roghnaíodh 4 ghrúpa don bhabhta deiridh chun páirt a ghlacadh sna gradaim.

Moladh iomaitheoirí an bhabhta cheannais (11 Aibreán 2011)

Dhein grúpaí agus daoine aonair mar ionadaithe na 18 dtogra den bhabhta ceannais pitseáil do phainéal breithiúna ag Páirc Teicneolaíochta Chiarraí. B'iad seo a leanas na daoine a bhí ar phainéal na mbreithiúna: Kennelly (Tweak.com), Terry Prone (The Communications Clinic), Vincent Lynch (Donseed), Tony Bergin (Kerry Group) agus Pat O'Sullivan Greene (Sterling Strategic Value Ltd.). Tugadh 5 nóiméad do na scoláirí chun a gcuid smaointe a phitseáil. Ansin chuir na breithiúna diancheisteanna orthu ar feadh 10-15 nóiméid.

Turas iomaitheoirí an bhabhta cheannais go Baile Átha Cliath (20 Aibreán 2011)

Thaistil iomaitheoirí an bhabhta cheannais uile go Baile Átha Cliath ar thuras fiontraíochta allamuigh thar am na Cásca. Tugadh mar réamheolas faoin turas gur slí é chun líonrú laistigh de ghrúpa iomaitheoirí an bhabhta cheannais a chur chun cinn agus deis eile a thabhairt do na scoláirí bualadh le roinnt daoine de na príomhfhiontraithe i suíomh níos príobháidí. Cuireadh tús leis an turas le cruinniú bricfeasta ag Staidiam Aviva, ag a raibh Triona Campbell (CR Productions) agus Emmet O'Neill (Smiles) i láthair. Ba ainmnithe an bheirt seo i gcomhair gradam Fiontraí na Bliana de chuid Ernst & Young. De bhreis orthu seo bhí Comhpháirtithe ó fhoireann Fiontraí Óig na Bliana de chuid Ernst & Young. Tar éis bricfeasta chuadar ar thuras an Aviva. Ina dhiaidh sin lean na scoláirí ar aghaidh chuig Google agus bhuaileadar le foirne Innealtóireachta agus Díolachán Idirlín. Bhuail an grúpa leis an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa ag Áras an Uachtaráin (féach an pictiúr thuas) agus chríochnaíodar an lá le cuairt ar Brown Bag Films chun bualadh le Cathal Gaffney.

Na Gradaim (5 Bealtaine 2011)

Reáchtáladh na gradaim in Óstán Malton i gCill Áirne agus ba ceiliúradh ar éachtaí Fiontraithe Óga na Bliana iad chomh maith le haitheantas ar a fheabhas ar féidir le scoláirí, oiliúnóirí agus an pobal gnó obair as láimh a chéile chun athrú chun feabhais a bhaint amach don réigiún amach anseo. Ba iad Colette Fitzpatrick (TV3) agus George Hook (Newstalk) a bhí mar óstaigh ar an ócáid. Bronnadh roinnt duaiseanna ag an oíche lena n-áirítear: An Scoil is Fearr: Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Buaiteoir Tríú Leibhéil Fiontraí Óig: Wild Trex (Maurice O'Connor, Louise Overy agus David Norris, IT, Trá Lí) agus Buaiteoir dara leibhéil Fiontraí Óig: Marie Ní Mhairtín Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Fuair scoláirí a ghlac páirt sa chlár agus a fuair pas sa scrúdú Teastas Fiontraíochta. Lena chois sin bronnadh duais ar an scoil a bhuaigh an Clár Fiontraíochta Sóisearach, Scoil Náisiúnta Naomh Cláir ón Neidín.

Chuir iomaitheoirí an bhabhta cheannais a gcuid smaointe gnó i láthair mar chuid de ghradaim na bliana seo chun tuiscint níos fearr a thabhairt don lucht éisteachta níos ginearálta ar na smaointe agus chun deis a thabhairt dó bualadh leo. D'éirigh go hiontach ar fad leis an taispeántas; bhí ar chumas na scoláirí mionsonraí a gcuid smaointe a mhíniú ar bhonn duine le duine agus a gcuid táirgí a chur i láthair nó na fréamhshamhlacha a thaispeáint.

Turas na mBuaiteoirí (25 - 30 Meitheamh)

Thaistil Marie Ní Mháirtín, Fiontraí Óg 2010 ,go Nua Eabhrac in éineacht lena hoiliúnóir Orna Dunlevy mar chuid den ghradam. Thaistil Marie, Orna agus Anne Looney go Nua Eabhrac i mí Mheithimh. San áireamh sa turas bhí:

- Cruinniú le Denis O'Brien ag faisnéisiú infheisteoirí Digical
- Cruinniú leis an gcuideachta ilmheáin 3MMedia
- Cruinniú leis an dearthóir faisin Don O'Neill
- Freastal ar SmartCamp de chuid IBM ag Coláiste Baruch agus ag Institiúid Levin
- Freastal ar ócáid tiomsaithe airgid de chuid Christine Quinn (Méara cúnta Nua Eabhrac)

Clár Sóisearach an Fhiontraí Óig

Is é Clár Sóisearach an Fhiontraí Óig an fiontar is deireanaí de chuid IT, Trá Lí, Forbairt na Sionainne agus Jerry Kennelly (Tweak.com). Tá sé dírithe ar súile scoláirí bunscoile a oscailt d'áthas na fiontraíochta. Tá na bunaitheoirí tagtha le chéile le **Coláiste Mhuire gan Smál** agus **Bord Fiontair Chontae Chiarraí** d'fhonn an clár seo a sholáthar ar cuireadh tús leis in 2010/2011. Is é is cuspóir don gclár seo ar éirigh go hiontach leis agus é á chur ar siúl den chéad uair i 21 bhunscoil i gCiarraí, ná clár oideachais fiontair a chur ar fáil ag an leibhéal ceart, i rang a cúig agus a sé i gCiarraí. Tá Clár Sóisearach an Fhiontraí Óig bunaithe ar phrionsabail an Churaclam Bunscoile agus baintear úsáid as cur chuige comhtháite múinteoireachta agus tionscadail chun mórán snáithí agus aonad snáithe den gCuraclam Bunscoile a mhúineadh trí mheán an Oideachais Fhiontraíochta.

Daltaí na 5ú bliana i Scoil Náisiúnta Naomh Chláir, An Néidín, buaiteoirí Clár Sóisearach an Fhiontraí Óig 2010/11. Bhaineadar an chéad áit amach lena bhfoilseachán "Kenmare in our Kitchen".

Cabhróidh an clár seo leis na scoláirí rannpháirteacha roinnt scileanna a fhorbairt lena n-áirítear cur i láthair, scríbhneoireacht, líníocht, teicneolaíocht, feasacht airgid agus tomhaltóra, scéalaíocht, scileanna éisteachta, smaointeoireacht chruthaitheach, réiteach fadhbanna, scileanna comhoibritheacha agus obair i bhfoireann. Ceacht amháin sa tseachtain atá i gceist agus tá dlúth nasc ag an gclár leis an gcuraclam OSPS. Bíonn na scoláirí ag obair i ngrúpaí beaga ina gcaitheann siad 12 sheachtaine i mbun a dtionscadail fiontair. Is féidir rudaí mar seo a dhéanamh mar thionscadal: cluiche; banc coigiltis don scoil; féilire scoile; siopa bia fholláin; tionscadal eolaíochta; glasraí a chothú agus a dhíol; feachtas ealaíne; milseáin déanta sa bhaile srl. Tá na ceachtanna spraíúil idirghníomhach agus thugtar deis do na scoláirí a gcuid cruthaitheachta agus smaointe a úsáid chun a dtionscadal fiontair beag féin a chur ar bun.

An Clár Endeavour

Ó bunaíodh an clár Endeavour i 2009 (www.endeavour.biz) tá clú bainte amach aige mar chlár atá ar na cláracha luasaire tosnaithe ghnó is mó a bhfuil éileamh air in Éirinn. Gar do dheireadh 2010 deineadh athchumrú ar ar Endeavour agus tugadh struchtúr dá chéime nuálach isteach. Lena chois sin tugadh isteach córas bainistíochta/monatóireachta ar líne chun súil a choimeád ar dhul chun cinn ar rannpháirtíocht agus chun í a mheas. Agus feachtas earcaíochta rathúil a bheith déanta cuireadh tús leis an chéad chéim i mBaile Átha Cliath agus Ciarraí araon. Bhí 140 rannpháirtí ann agus an aidhm leis an gclár ná fócas a thabhairt do ghrúpa ilchineálach rannpháirtithe ag céimeanna éagsúla i bhforbairt a ngnólachtaí agus iad a bhogadh chuig céim ina raibh ar a gcumas pitseáil a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh go Céim 2. Ag Céim 1 bhí clár seacht seachtaine i gceist (sé oíche agus Satharn amháin) ón 1 Feabhra 2011 go 12 Márta 2011. Roghnaíodh 15 iarrthóirí do chéim 2 le linn Lá na dTaispeántas ar an 31 Márta agus 1 Aibreán 2011. Ag Céim 2 tugtar rochtain ar mheantóir pearsanta [mar aon le spás oifige agus líonra saor in aisce ar feadh bliana s.r.l.] chomh maith le rochtain ar fhoirne meantóireachta ó na S.A. agus ón Áis, ceardlanna agus seisiúin duine le duine le daoine gairmiúla. Ag deireadh Céime 2 cuirtear seachtain d'infheisteoirí ar siúl ina ndéanann rannpháirtithe Endeavour pitseáil do chaipitlithe fiontair as Éirinn, Gleann Silicon agus Londain. Le linn Céime 2 tá bun 3% glactha ag Endeavour i ngach cuideachta.

Le linn na bliana tháinig Kerry Group isteach mar urraitheoir corparáideach d'Endeavour.

Frank Hayes, Kerry Group le Painéalaithe Endeavour (C-D): Dave Ronayne, Irish Mainport Holdings, Niall Kelly Netwatch, Paddy Cosgrave, Dublin Web Summit, Bill Liao, SOS Ventures, Burkhard Blum, BandwithBanVentures

Ar na rudaí atá bainte amach ag cuideachtaí Endeavour áirítear:

Cuideachtaí Endeavour 2009/10

- Thiomsaigh Datahug maoiniú $1.5m faoi threoir Oyster Technology Investments.
- Irish Software Association, Cuideachta Teicneolaíochta nua-thionscanta na Bliana;
- InterTradeIreland, Buaiteoir Munster Seedcorn;
- Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin Bhaile Átha Cliath, Gradam Spark of Genius;
- SCUUL Fiontraí na Bliana;
- Buaiteoir Expo Idirnáisiúnta;
- Gradaim Páirc Fhiontair de chuid Nuáil Ceantar na nDugaí 2011- Togra Infheistíochta is Fearr
- Thiomsaigh HKPB €500,000 agus tá a chuid teicneolaíochta fo-roinnte aige ina trí ghnó rathúla ar leith lena n-áirítear áis monaraithe GMP a bhunú san Aonach, Co. Thiobraid Árann;
- Thiomsaigh IMEE GOLF $1m de shíolchistiú. Faoi stiúir Chamath Palihaitiya, Iar-fheidhmeannach Facebook a bhfuil a chiste $400m á reáchtáil aige, an Social Capital Partnership. Ar bhord Comhairleoirí IMEE Golf tá Steve Wozniak - comhbhunaitheoir Apple - Ed Colligan Iar-POF Palm, David Marcus POF Zong.com, atá ceannaithe ag Paypal. Tá paypal mobile á reáchtáil aige go domhanda faoin am seo; Matt Glenn - Plantsense.com, Jerry Kennelly Tweak.com.

Cuideachtaí Endeavour 2010/11

- Ainmníodh Mobanode don nGradam Net Visionary ó Fhiontar Éireann.
- Bronnadh maoiniú tosaigh iomaíochta ar 3 chuideachta ar an gclár Endeavour 2010/11

An tionad um Fhorbairt Oideachais

Acmhainní Náisiúnta d'Fhoghlaim Dhigiteach (NDLR)

Sa bhliain acadúil 2010/2011 bhí baint ag na baill seo a leanas den bhfoireann i bhforbairt cuspóirí foghlama in-athúsáidte mar chuid de thionscadail NDLR áitiúla agus náisiúnta.

NDLR - LINCS - an tionscadal um Nuáil Foghlama agus Tacaíocht Pobail

Chuir Aoife Ní Mhuirí torthaí tionscadail LINCS i láthair ag lá taispeántais NDLR i nGailearaí na hEolaíochta i gColáiste na Tríonóide ar an 23 Márta 2011. Ba thoradh é an tionscadal ar chomhar idir an Stiúrthóir Tionscadail ITT (Comhordaitheoirí tionscadail Aoife Ní Mhuirí agus Sarah O'Toole) agus comhpháirtithe ag Scoileanna Fisiteiripe Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide. Sa tionscadal forbraíodh cuspóirí foghlama ar líne in-athúsáidte chun tacú le múineadh agus foghlaim oideasú aclaíochta feidhmí do mhic léinn Sláinte agus Fóillíochta, Fisiteiripe, Leigheas Spóirt, Eolaíocht Spóirt, Corpoideachais.

Lena chois sin chuir Sharon Phelan a tionscadal LINCS i láthair ag an taispeántas i mí Mhárta. Bhí Sharon ag obair le baill d'fhoireann Institiúidí Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Bhaile Bhlainséir. Sa tionscadail forbraíodh sraith d'acmhainní ar líne do mhic léinn chun scileanna cruthaitheacha do chleachtas cúraim shóisialta a fhoghlaim.

NDLR - LIPS (Tionscadail Nuála Áitiúla)

D'fhorbair Joan Cleary agus Eimear Foley sraith acmhainní faoi thuairisciú staitistiúil maidir le foghlaim a dhéanann mic léinn faoi mhodheolaíochtaí taighde i Sláinte agus Fóillíocht.

Chruthaigh Susan Hudson cuspóirí foghlama chun tacú le mic léinn altranais trí chleachtas machnamhach.

D'fhorbair Siobhán Ní Mhaolrúnaigh acmhainn chun cabhrú le foghlaimeoirí ó ghairmeacha éagsúla machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtais agus slite comhoibritheacha a fhorbairt chun oibriú le chéile trí fhoghlaim idirghairme éascaitheach.

D'fhorbair Ed Sheldon creat a thugann isteach bogearraí den scoth agus a thacaíonn le léachtóirí agus mic léinn a leithéid a fhorbairt.

D'fhorbair Gearardina Harnett agus Tom Farrelly acmhainn a thaispeánann na teicníochtaí insteallta éagsúla do mhic léinn. Tá an modúl seo dírithe ar mhic léinn agus altraí atá ar shocrúchán oibre agus cuireann sé ar a gcumas na teicníochtaí is deireanaí a fheiscint chun instealladh a thabhairt.

Foghlaim shoghluaiste SIF

D'fhorbair Tom Farrelly modúl leibhéil 6 ar líne i réimse na Taighde in Eolaíocht Shóisialta

D'fhorbair Breda O'Dwyer modúl leibhéil 6 ar líne sa bhFiontraíocht

D'fhorbair Anne Marie Courtney modúl leibhéil 6 ar líne i mBainistíocht Oibriochtaí

Lá Forbartha Foirne Déardaoin 16 Nollaig 2010

Ba iad na haoichainteoirí ná:

Cara Callaghan, Uas. *(Institiúid Margaíochta Digití)*
An Dr. Mary Fitzpatrick *(Ollscoil Luimnigh)*
An tUas. Mike Moriarty *(JigsawKerry)*
An tUas. Oran Doherty *(Institiúid Teicneolaíochta Leitir Cheannainn)*

D'fhreastail 84 bhaill foirne ar na himeachtaí seo

Eanáir & Feabhra 2011

Reáchtáladh na ceardlanna seo a leanas.

An tOllamh Alan Mortiboys: Seisiún 1 Inspreagadh na Mac Léinn a chur chun cinn trí aischothú Seisiún 2 Cásanna Deacra a Bhainistiú sa Seomra Ranga

D'fhreastail 21 bhall foirne ar na ceardlanna seo ar na himeachtaí seo

An Dr. Mary Fitzpatrick Do chuid teagaisc a dheimhniú Eispéireas Foghlama an Mhic Léinn
An Dr. Elaine Vaughan Stíleanna Foghlama - Comhthéacsú Torthaí Tuarascála

D'fhreastail 13 bhall foirne ar na himeachtaí seo

Lá Forbartha Foirne 1 Márta 2011

Ba iad na haoichainteoirí ná:

An tOll. Sarah Moore *(Ollscoil Luimnigh)*
An Dr. Sean Lacey *(Ollscoil Luimnigh)*
Alison Clancy, Uas. *(AISHE & Col. Ollsc. BÁC)*
An tUas. Paddy Lange *(BorgWarner Beru Systems Ireland Ltd)*
Mairead O Sullivan, Uas. *(Jigsaw Kerry)*

D'fhreastail 55 bhaill foirne ar na himeachtaí seo

Ceardlann ar Anailís Thaiscéalaíoch Sonraí 22 Márta 2011

An Dr. Sean Lacey *(Ollscoil Luimnigh)*

D'fhreastail 9 mball foirne agus mic léinn iarchéime ar an imeacht seo

Márta & Aibreán 2011

Colin O Brien *(Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí)*
Oiliúint Excel Bhunúsach agus Ardleibhéil

D'fhreastail 21 bhaill foirne ar na himeachtaí seo

Lá Forbartha Foirne 11 agus 12 Bealtaine 2011

Ba iad na haoichainteoirí ná:

An tUas. Josh Holmes *(Cloud Computing)*
An tUas. Robert Hickey *(Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir*
Elaine Vaughan, Uas. *(Ollscoil Luimnigh)*
Taispeántas Tionscadal ar Líne *(Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí)*

D'fhreastail 126 bhaill foirne ar na himeachtaí seo

Tacaíocht Staitistiúil

Don Bhliain Acadúil 2010/2011 dhein an Dr Seán Lacey éascaíocht do sheisiúin Tacaíochta Staitistiúla duine le duine nó i ngrúpaí do bhaill foirne idir an 24 Eanáir 2011 agus an 15 Meitheamh 2011. D'fhreastail 30 ball foirne ar na seisiúin seo agus fuarthas aischothú an-dearfach.

Scifest 2011

Is é is Scifest ann ná féile eolaíochta lae a reáchtáladh ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí Dé Céadaoin, 10 Bealtaine 2011. Comórtas réigiúnach d'Eolaithe Óga a chuireann fáilte roimh scoláirí meánscoile. Fuarthas 22 iarratas togra don imeacht. Ba iad na daoine a d'oscail an t-imeacht ná Oliver Murphy, Uachtarán Gníomhach, IT, Trá Lí i dteannta an Dr. Joseph Walsh, Tim Segal agus an Dr. Noel Mulligan ó IT, Trá Lí. Ba iad na príomhchainteoirí ar an lá ná Edmond Harty, Stiúrthóir Teicniúil, Máistir Déirí agus Riona Sayers, POF, Independent Milk Laboratories. Thugadar láithreoireachtaí ar "**Eolaíocht, Innealtóireacht agus Fiontraíocht".** Ina dhiaidh sin cuireadh Taispeántas tionscadal ar siúl mar aon le láithreoireachtaí de chuid ionadaithe ar Pháirc Náisiúnta Chill Áirne dar teideal "Super Furry Animals" (Ainmhithe ríchlúmhacha) agus láithreoireacht ar "Innealtóireacht agus Eolaíocht i mbun gnímh" le Ranna Ríomhaireachta, Innealtóireachta agus Sláinte & Fóillíochta IT, Trá Lí.

Roghnaíodh Laura Kennelly **agus** Clodagh Woods arb ionadaithe ar Scoil Idirmheánach Chill Orglan iad, mar Bhuaiteoirí an Ghradam Tionscadail ar an iomlán. Chuir a dtionscadal, "Bia - 5 soicind ar an urlár, ith é nó caith amach é?" an hipitéis faoi amhras nach bhfuil aon bhaol go n-ionghabhtar baictéir má thógtar bia a thit ar an urlár aníos laistigh de chúig soicind. Chruthaigh an tionscadal go bhfuil an tuairim choitianta seo mícheart agus go dtruaillítear bia laistigh den tréimhse cúig soicind. Fuair an tionscadal an chéad duais - trófaí a thugann aitheantas dá bhfuil bainte amach acu sa chomórtas, mar aon le dearbhán.

Ba iad na buaiteoirí gradaim eile ná:

- An dara áit: Muireann Keating agus Grainne McCarthy - Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
- An Cumarsáidí is fearr - Patrick Dineen, Marliza O Dwyer, Katie Falvey - Scoil Chuimsitheach An Tóchar
- Buaiteoir Discovery Sensors Lorraine Keane, Louise Thornton, David Rice - Scoil Chuimsitheach An Tóchar
- Gradam An Scoil is Fearr - Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
- Bliain Idirnáisiúnta na Ceimice 2011 - Grace Lynch - Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
- Mata san Eolaíocht - Jamie Sugrue - Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín

- Ardmholadh - Billy Donovan, Gavin Connolly - Mercy Mounthawk, Trá Lí
- Ardmholadh - Daniel Ahern, Kyle Griffin - Coláiste Pobail Chill Orglan
- Ardmholadh - Hugh McGuire, Niamh Joy, Aisling O Shea - Scoil Idirmheánach Cill Orglan

- Ardmholadh - Czara Casey, Aneta Guxha - Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
- Ardmholadh - Emma Casey, Melissa O Sullivan - Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
- Ardmholadh - Sarah Louise O Connell, Odhran O Mahony, Chris O Sullivan - Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín

Bhí freastal fiormhaith ar an imeacht agus d'éirigh go hiontach leis. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag *www.ittralee.ie/scifest*

Oifig na nEastát

Réamhrá

Tá dhá champas ag ITT i mbaile Thrá Lí ag a bhfuil achar foirgnimh 31,000 méadar cearnacha san iomlán. Is é atá sa Champas Thuaidh ná foirgnimh ITT ag a bhfuil achar urláir 18,500 méadar cearnacha agus iad suite ar 63 acra. Tá achar urláir 12,500 méadar cearnacha ag foirgnimh an Champais Theas agus iad suite ar 7 n-acra. Meastar go gcuireann an coláiste tuairim is €40m leis an ngeilleagar áitiúil. Tá Oifig na nEastát freagrach as Áiseanna agus Bainistiú na nEastát ar an ndá champas, as foirgnimh, tailte, bóithre agus teorannacha.

Tuairiscíonn an Institiúid ar bhonn Bliana Acadúla, de ghnáth, ach tuairiscíonn Oifig na nEastát ar bhonn bliana féilire de bharr a n-éilíonn an tÚdarás um Fuinneamh Inbhuanaithe agus gníomhaireachtaí eile maidir le monatóireacht agus tuairisceáin a chur isteach. Anseo thíos tá cur-síos ar ídiú fuinnimh na hInstitiúide agus ar thionscadail ar tugadh fúthu sa tréimhse seo.

Ídiú Fuinnimh ag IT, Trá Lí

Ba iad na campais Thuaidh agus Theas príomhúsáideoirí fuinnimh na hInstitiúide. D'ídíodar 60% agus 40% faoi seach. Tá miondealú measta ar an méid a ídíodh mar seo a leanas: Téamh spáis agus uisce teasaí (58%), gaothráin agus aerchóiriú (4%), cócaireacht (5%), soilsiú istigh agus lasmuigh (11%), cumhacht oifige, an freastalaithe an chóras ríomhaireachta san áireamh (17%), cúisniú (2%), cumhacht ginearálta (3%). Mar chuid den Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite (2009/28/CE) tuairiscíonn an Institiúid a cuid ídiú fuinnimh don Údarás um Fuinneamh Inbhuanaithe go bliantúil (bliain fhéilire), dá bhrí sin is leis an mbliain fhéilire a bhaineann na huimhreacha a thaispeántar ina dhiaidh seo. Agus í ag cloí leis an Treoir um Fhuinneamh tá an Institiúid rannpháirteach san iarracht ar spriocleibhéal íslithe a bhaint amach arb é 33%, faoin mbliain 2020.

Sa bhliain 2010 d'ídigh ITT 5,611 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 2,488 MWh d'aibhléis (1,304 tona Co2);
- 3,123 MWh de bhreoslaí iontaise, 2,485 MWh d'ola gáis san áireamh (698 tona de Co2) agus 638 MWh de ghás peitriliam leachtaithe (134 tona de Co2);

- Léiríonn an méid thíos Ídiú/Costais Fuinnimh na hInstitiúide lasmuigh de CBL don tréimhse 2010:
- Aibhléis - 2,487,884 Kwh (€285,595)
- Breosla téimh - 228,205 Litres (€134,371)
- Gás peitriliam leachtaithe - 90,137 lítear (€31,558)

Costas iomlán - €451,524 (gan CBL)

Gníomhartha a deineadh i 2010

Sa tréimhse Ean. - Noll. 2010 chuaigh Oifig na nEastát i mbun na dtionscnamh seo a leanas chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

1. Foirgneamh Tom Crean, rialuithe agus uasghrádú téimh spáis agus téimh uisce theasaí.
2. Foirgneamh Óstáin, Lónadóireachta & Turasóireachta, rialuithe agus uasghrádú téimh spáis.
3. Monatóireacht ar chóras Gréine, Campas Thuaidh.
4. Foirgneamh Gnó agus Teicneolaíocht Faisnéise, Suiteáil aonaid Láimhsithe Aeir agus suiteáil tiomántán luais athraithigh.
5. Foirgneamh Seirbhísí do Mhic Léinn, rialuithe agus monatóireacht téimh.
6. Foirgneamh Gnó & Teicneolaíocht Faisnéise, rialuithe agus uasghrádú Gléasra Dín.
7. Rialuithe Aerchóiriúcháin ar an gCampas Theas.
8. Cistineacha ar an gCampas Theas; Painéil Ghréine suiteáilte agus uasghrádú ar an gcóras uisce theasaí.
9. Struchtúr Sláinte agus Fóillíochta; sás bailiúchán uisce suiteáilte (obair mheicniúil amháin, tá umar istigh cheana).
10. Comhaonad teasa agus cumhachta i dtigh coire an Champais Theas.
11. Seomra caidrimh an Champais Thuaidh, fuarú éifeachtach curtha in ionad inneall aerchóirithe neamhéifeachtach.
12. Rialuithe d'Aonaid Láimhsithe aeir ar an gCampas Theas.

Meastar go gcoigleofar 10% as na bearta seo trí chéile agus go n-ídeofar 600 uair MW níos lú dá dtoradh.

Bearta ar na bacáin do 2011

Tá sé i gceist tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas le linn 2011.

1. Uasghrádú soilsithe ar an gCampas Theas.
2. Braiteoirí soilsithe sna dorchlaí ar an gCampas Theas.
3. Córas soilsithe (KNX) ar an gCampas Thuaidh, T-Bloc.
4. Braiteoirí soilsithe ar an gCampas Thuaidh, Foirgneamh Gnó & Teic. Faisn.
5. Uasghrádú soilsithe go LED ar an gCampas Thuaidh, lasmuigh den bpríomhfhoirgneamh.
6. Bailiú uisce báistí ar an Leabharlann.
7. Bailiú uisce báistí D-Bloc.
8. Bailiú uisce báistí Seomraí feistis.
9. Painéil ghréine a shuiteáil in Ionad Gnó Tom Crean.
10. Uasghrádú uisce teasaí in Ionad Gnó Tom Crean.
11. Uasghrádú ar umar agus rialúchán réamhthéimh painéal gréine na Leabharlainne.
12. Uasghrádú ar rialúchán téimh spáis an E-Bloic.
13. Téamh lárnach: Tiomantán luais athraithigh a shuiteáil ar na caidéil.

14. Insliú falla chuasaigh ar an gCampas Theas.
15. Soláthairtí díreacha uisce teasaí le dul in ionad téitheoirí uisce ar an gCampas Theas.
16. Uasghrádú ar bhainistiú agus dhíriú Fuinniumh agus ar BMS.
17. Feistí chun uisce a shábháil ar an dá champas.
18. Foireann fhoirmiúil um Bhainistiú Fuinnimh a bhunú a bhíonn i dteagmháil leis an Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe (SEAI).

Meastar go sábháilfear 8% mar thoradh ar na tionscnaimh seo trí chéile agus go laghdófar ídiú de 400 uair MW.

Fuinneamh Inbhuanaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2010 fuair oifig na nEastát in ITT deontas chomh hard le 55%, deontas a bhí ar na deontais ba mhó ag an tríú leibhéil sa tír an bhliain sin.
Fuair ITT cúnamh deontais €280 míle ón Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe i ndáil le 12 thogra lena n-áirítear CHP, Ath-zónáil, Bailiú Uisce Bháistí agus Tograí fuinnimh ghréine. Ba é €560 míle luach iomlán na dtograí. Chuir ITT 45% den gcostas leis.

Meastar go sábháilfear 600 uair MW in aghaidh na bliana mar thoradh ar na bearta caomhnaithe fhuinnimh seo.

Soláthar

An Togra córas bainistithe foirgnimh (BMS):
Chuir Oifig na nEastát amach glaoch ar thairiscintí chun Córas Bainistithe Fhoirgnimh a sholáthar agus a shuiteáil ar an gCampas Theas, Trá Lí, Co. Chiarraí i mí na Samhna 2010. Leathnú an Chórais Bhainistithe Fhoirgnimh atá ar an gCampas Thuaidh atá ar bun cheana féin ab ea é seo. Agus an córas suiteáilte, tá smacht níos fearr ag an Institiúid maidir le héifeachtacht fuinnimh a bhaint amach. Tríd an t-aon chóras amháin a bheith ann is féidir an obair maidir leis an dá champas a dhéanamh as an mball céanna agus na coigiltis is fearr a bhaint amach.

Meastar go sábháilfear 100 uair MW in aghaidh na bliana mar thoradh ar na bearta caomhnaithe fhuinnimh seo.

Oifig na nEastát: Donal Hunt, Uas., Bainisteoir
John Daly, Oifigeach Cúnta Foirgneamh / Sláinte & Sábháilteacht

An Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta

Tá ceithre roinn sa Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta"

- Faisnéisíocht Ghnó
- Staidéar Gnó
- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
- Léann Daonna

Tá réimse leathan cláraracha ar fáil: leibhéal 6 ardteastas, leibhéal 7 gnáthchéim, leibhéal 8 céim onóracha agus leibhéal 9 (Máistreacht mhúinte). Is féidir máistreacht iarchéime agus dochtúireacht trí thaighde a bhaint amach chomh maith.

Tá na cláracha um Ghníomhachtú Margadh Saothair (LMA) ar fáil don B/A 10/11

Teastas i mBainistíocht Ghnó
Teastas i Staidéar Fiontraíochta
Ardteastas i Staidéir Ghairmiúla

Roinnt rudaí atá bainte amach ag baill den bhfoireann agus ag mic léinn:

Thus Kristin Brogan láithreoireacht faoina cuid taighde ag comhdháil iarchéime don staidéar Gearmáinise in Éirinn ag COC dar teideal "Students as citizen of the world - the Study Abroad experience".

Seoladh an suíomh idirlín www.languagesinireland.ie ag Ambasáid na hEilvéise i mBaile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó chumainn teangacha tánaisteacha éagsúla (Gearmáinis, Fraincis, Spáinnis) agus ionadaithe ón earnáil Ghnó (ÚFT, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, ÚAO, Forfás, Fáilte Éireann) i láthair lasmuigh de rannpháirtithe an líonra ó deich gcinn d'Institiúidí Teicneolaíochta. Ba é Ambasáid na hEilvéise a mhaoinigh bróisiúr an líonra. Bhí an líonra ar an ngearrliosta do ghradam na dTeangacha Eorpacha 2011 agus bhí agallaimh le Léargas ar siúl in ITT BÁC. Is duine de chomhordaitheoirí an líonra seo í Kristin Brogan.

Bhí an cruinniú deiridh ag Togra AE Molan (2007-2011) sa Bhruiséil. Ba í Kristin Brogan an t-ionadaí ar ITT. Tuilleadh eolais ag www.molan-network.org.

Bhí cruinnithe comhpháirtíochta ag na tograí AE e-Talia agus Ready, Study, Go - Ahead agus d'eagraigh Kristin Brogan maraon leis an Dr Sharon Phelan an cruinniú don togra AE x-TREAT i dTrá Lí. Féach http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/InstituteandDepartments/AbouttheDepartments/AcademicDepartments/Languages/Languages-EUProjects/ i gcomhair tuilleadh eolais.

Bhí an cruinniú bliantúil ag an ngrúpa oibre Gearmáinise BS (is í an Dr. Gisela Holfter ó UL bunaitheoir an ghrúpa) ag Ambasáid na Gearmáine. Reáchtáil ionadaithe ón earnáil oideachais agus ionadaithe eile ó Chumainn Thrádála na hÉireann-na Gearmáine, ÚFT, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ón Ionad um Idirghníomhú Custaiméara - SAP, Athur Cox - BCorp. Law International, ón ÚAO agus ó Institiúid Goethe, Baile Átha Cliath an díospóireacht faoi easpa scileanna teanga in Éirinn. Is ball den ngrúpa seo í Kristin Brogan.

Bhí a chomhdháil bhliantúil ag an Líonra Spáis i Mechelen na Beilge. Reáchtáil Kristin Brogan ceardlann ar an togra AE e-Talia agus ceardlann ar an ngrúpa oibre de chuid Coimisiún an AE “Languages for Jobs”.

Fuair Kristin Brogan maoiniú ó Choimisiún an AE chun páirt a ghlacadh i seisiún oiliúna in-seirbhíse de chuid Grundtvig faoi oiliúnt teanga agus uirlisí Eorpacha, fíor-shoghluaisteacht soghluaisteacht fhíorúil, cuir chuige nuálacha, measúnú agus TFC. Tuilleadh sonraí ag
http://www.forlang.eu/Accueil.aspx?lang=en-GB.

Reáchtáladh an chéad chruinniú comhpháirtithe den gClár Foghlama Fadsaoil de chuid an AE in Ollscoil Coventry - Leonardo da Vinci (Aistriú Nuálaíochta) an togra e-TALIA - is í Kristin Brogan an bainisteoir cáilíochta. Leanfaidh an togra ar aghaidh ó Dheireadh Fómhair 2010 go Meán Fómhair 2012.

Ag cruinniú Erasmus an ÚAO thug Kristin Brogan láithreoireacht faoin togra AE LdV Tol darb ainm VOCAL. Tuilleadh sonraí ag www.vocalproject.eu.

Bhí an chéad chomhdháil idirnáisiúnta faoi theangacha ag OÉ Gaillimh. Thug Kristin Brogan láithreoireacht ar a cuid taighde SA. Breacadh an páipéar i gcomhar lena comhoibrí, an Dr. Muiris Ó Laoire. Thug an Dr. Riana Walsh (ITT Baile Átha Cliath) agus Kristin Brogan láithreoireacht ar an togra VOCAL.

Chuir an Dr. Sharon Phelan léachtaí agus ceardlanna i láthair ag Eitneacóiré-eolaíocht agus Rince san Oideachas ag an 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta do Mhúinteoirí Corpoideachais ag Institiúid Spoirt na Fionnlainne.

Chuir an Dr. Sharon Phelan leis an gComhdháil Náisiúnta ar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach leis an Aonad um Fhorbairt Churaclaim de chuid na Roinne Oideachais.

Chríochnaigh an Dr. Sharon Phelan togra píolótach i rince agus míchumas. Dhein an Chomhairle Ealaíon maoiniú air. Chuir mic léinn ón gCéim ar Ghníomhaíocht Choirp Oiriúnaithe leis trí cheardlanna rince chruthaithí a thabhairt do pháistí ó Siondróm Down Chiarraí agus ó Enable Ireland. Foilsíodh lámhleabhar do mhúinteoirí rince agus dáilfear ar na grúpaí ábhartha é.

Bhí a chruinniú ag an Líonra um Straitéis Teanga na nIT in IT na Gaillimhe-Maigh Eo. Ar na cainteoirí áiríodh daoine ó Léargas agus taighdeoir ar bheartas teanga ó OL. Lena chois sin pléadh forbairt agus seoladh suíomh idirlín an líonra. Is iad an Dr. Riana Walsh (ITT Bhaile Átha Cliath) agus Kristin Brogan comhbhunaitheoirí agus eagraitheoirí an líonra. Féach www.languagesinireland.ie chun tuilleadh sonraí a fháil.

Bhí an chéad chruinniú de Chomhpháirtíocht Grundtvig sa Rómáin. Sa togra seo atá á mhaoiniú ag an AE pléitear oideachas amharclannach do thuismitheoirí aonair. Ba iad Sharon Phelan agus Kristin Brogan na rannpháirtithe ó ITT.

Bhí a chomhdháil bhliantúil agus CCB ag an ATLTGI (Cumann na Múinteoirí Gearmáinise Tríú Leibhéil in Éirinn) ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is í Kristin Brogan an comhchathaoirleach. Lena chois seo thug sí láithreoireacht ar na treochtaí is deireanaí do Staidéar na Gearmáinise in Éirinn agus láithreoireacht eile ar fhorbairtí reatha i gCoimisiún an AE maidir le beartas teanga. Féach www.germaninireland.org.

Bhí an tríú cruinniú dá chuid ag an ngrúpa oibre de chuid Coimisiún an AE Teangacha do Phoist (Languages for Jobs) sa Bhruiséil. Thug Kristin Brogan láithreoireacht ar Líonra Straitéise Teangacha de chuid na nIT mar shampla ar bharrchleachtas. Lena chois sin dháil sí amach bróisiúir faoin togra Vocal. Féach www.vocalproject.eu.

D'fhreastail Sophie Price, Fiona Tobin & Mary Rose Stafford ar an gComhdháil um Thurasóireacht Eachtraíochta i gCill Áirne an 3 Samhain 2010.

Thug T.J. O'Connor láithreoireacht do Skillsnet i gCill Áirne ar dheiseanna i staidéir agus gairmréimeanna i bhFáilteachas & Turasóireacht.

Bhí Mary Rose Stafford mar chathaoirleach ar Cheardlann Turasóireachta ag Comhdháil Forbartha Tuaithe Bhealach Eabhra san Ráth, Co. Chorcaí.

Thug an tUas. Tony Griffin cuairt ar an gcoláiste le déanaí chun aoi-léacht a thabhairt do mhic léinn bainistithe imeachtaí i gcláir Bhainistíochta Taistil & Turasóireachta, Bainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta agus Sláinte & Fóillíochta. Lúthchleasaí is ea Toní, arb as Co. an Chláir dó, chomh maith le gníomhaí carthanais, cainteoir agus údar. Tá sé i gceannas ar a Chuideachta Bainistithe Imeachtaí féin. Le déanaí, bhí sé ar an ngearrliosta do ghradam leabhar spóirt na bliana as ucht a fhéinbheathaisnéise 'Screaming at the Sky'. Bhí an léacht dírithe ar an turas rothair a dhein Tony trasna Ceanada sa bhliain 2007, agus ar na dhúshláin agus deiseanna a ghabhann le Cuideachta Bainistithe Imeachtaí a bhunú i láthair na huaire.

Cuireadh dráma de chuid Gerard Barrett (Mac léinn Teilifíse, Raidió agus Meáin Nua sa dara Bliain) ar siúl ag Téatar Naomh Eoin i Lios Tuathail ar an 2, 3 agus 4 Aibreán 2011. Chuir Gerard isteach ar dheontas €20,000 agus bronnadh air é, chun gnéscannán a dhéanamh, rud a dhein sé i saoire na Cásca.

Bhain Martin Houlihan agus Jim Quinn, mic léinn Ilmheáin Idirghníomhacha sa 4 Bliain, an babhta ceannais amach sa chomórtas náisiúnta gearrthóg Físeáin Pick Tourism. Fuaradar an 3 áit as 53 ghearrthóg a cuireadh isteach. Is féidir féachaint ar an ngearrthóg ag www.picktourism.ie.

Gradam buaite ag Grúpa Múinteoirí Gearmáinis do Ghnó Tríú Leibhéil: Fógraíodh an Grúpa Oibre don nGearmáinis do Ghnó in Éirinn mar bhuaiteoir ghradaim Kuratorium na bliana 2010. Bronnann Kuratorium (Bord na nIontaobhaithe) Cumann Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann an gradam seo gach bliain ar ghrúpaí, daoine aonair nó eagraíochtaí a bhfuil rannchuidiú ar leith déanta acu chun caidreamh idir an Ghearmáin agus Éire a chur chun cinn. I mbliana bronnadh an gradam ar ghrúpa múinteoirí Gearmáinis do Ghnó tríú leibhéil ina raibh ionadaithe ó fhormhór d'ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí tríú leibhéil eile in Éirinn agus ó Institiúid Goethe. Bronnadh an gradam orthu as ucht an Ghearmáinis a chur chun cinn in Éirinn riamh is choíche agus tábhacht foghlaim teanga a chur chun cinn in eacnamaíocht mar seo atá go mór ag brath ar onnmhairiú. Dúirt an Dr Gisela Holfter, (Ollscoil Luimigh), bunaitheoir agus cathaoirleach an ghrúpa, go raibh áthas ar gach duine sa ghrúpa gur tugadh aitheantas dá gcuid oibre mar seo agus gur chóir meas a léiriú don luach atá ag teangacha chun tuiscint a fháil ar chultúir eile agus ar chúrsaí gnó: "Tá foghlaim na Gearmáinise agus teangacha eile ríthábhachtach i saol domhandaithe an lae inniu. Tá cuntas teiste den scoth ag Grúpa Oibre na Gearmáinise don Ghnó in Éirinn maidir le collóiciaim bhliantúla a eagrú agus fóram a chur ar fáil chun eolas agus barrchleachtas a mhalartú agus a gcuid díograise a roinnt lena chéile agus leis na mic léinn."

Bunaíodh an grúpa in 2001 agus beidh cothrom 10 mbliana aige an bhliain seo chugainn. Is í Kristin Brogan ón Scoil Ghnó duine de bhunaitheoirí an ghrúpa. I gcomhthráth leis an gcothrom bliana seolfaidh sé suíomh gréasáin ar a bhfuil ábhar do mhúinteoirí, mic léinn agus lucht gnó mar aon le deiseanna fógraíochta do sparántachtaí mac léinn.

Ceann Scoile:	Kay Fitzgerald Uas.
Ceann Roinne (Staidéar Gnó):	Mary Rose Stafford Uas.
Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó):	Mary Lucey Uas.
Ceann Roinne (Léann Daonna):	Aisling Sharkey Uas.
Ceann Roinne (Óstán, Lónadóir. & Turas.):	Mary Rose Stafford Uas.
Ceann Rannóige (Óstán, Lónadóir. & Turas.):	An tUas. T J O'Connor

Scoil na hInnealtóireachta agus na Foirgníochta

Tairgeann Scoil na hInnealtóireachta agus na Foirngníochta réimse cláracha ardteastais, baitsiléara, baitisléara le honóracha agus iarchéime. Tugann an meascán idir teoiric agus cleachtas i gcláracha na scoile bonn láidir do gharimréim as a bhfaighfidh na mic léinn luach a saothair.

Baineann ár gcuid cúrsaí innealtóireachta le héilimh an tionscail. Tá siad dírithe ar ghairmréim agus tá gné phraiticiúil fhairsing acu. Tá comhpháirt taithí oibre ag roinnt cúrsaí lena gcinntítear go dtugtar ullmhú maith dár mic léinn do ghairmréim ina n-éireoidh leo. Tugann a lán dár gcúrsaí diolúintí duit ó cháilíocht ghairmiúil.

Eolas gineálta

- Bhí an tUas. Tim Segal, Ceann Roinne, rannpháirteach mar mholtóir ag céim réigiúnach den gComórtas Náisiúnta ardán cainte "Soapbox" i Leabharlann Chill Áirne i gcomhar le europdirect.ie. Bunaíodh an comórtas chun deis a thabhairt do dhaoine aonair labhairt faoi bhuanna agus fadhbanna a bhaineann le fuinneamh gaoithe agus aird a dhíriú ar a thabhacht atá saincheist an athrú aeráide leis an Aontas Eorpach.
- Bhí baint ag an Scoil Innealtóireachta le hInnealtóirí Éireann i bpróiseas creidiúnaithe chun go bhfaigheadh cláracha acadúla innealtóireachta creidiúnú ó Innealtóirí Éireann. Bhí sé ar siúl i mí Mhárta 2011.

Imeachtaí

- Shonraigh Cumann na nInnealtóirí Talmhaíochta Óga €250 do Ghortú Inchinne faighte Éireann ó ócáid tiomsaithe airgid a d'eagraigh siad. Cuirfear sin lena nIonad Acmhainní in Oileán Chiarraí.
- Thug Cumann na nInnealtóirí Talmhaíochta Óga láithreoireacht do Dave Frizelle a bhí ag dul ar scor. Ghabhadar buíochas leis as an spreagadh agus a dhíleacht do Chumann na nInnealtóirí Talmhaíochta agus don Roinn Innealtóireacht Talamhaíochta ar an iomlán.
- Thug Niamh O'Connor, Oifigeach Forbartha Ghnó ón Institiúid Chairte Tógála (CIOB) caint do mhic léinn Innealtóireachta Sibhialta, Foirgníochta/Suirbhéireacht Chainníochta i mí na Samhna. 'Trends in Construction Education' ba é teideal na cainte. Lena chois sin phléigh sí ballraíocht don CIOB.
- Comhghairdeas leis na mic léinn Innealtóireacht Talmhaíochta/Foirgníochta seo a leanas
- T.J. Stack. Roghnaíodh a thionscadal dar teideal 'Universal Bale Handler' mar bhuaiteoir an Ghradaim IAgrE Safety don bhliain 2011.
- Pat McInerney. Roghnaíodh a thionscadal dar teideal 'Hydraulic Mixer' mar bhuaiteoir an Ghradaim Johnson New Holland don bhliain 2011.
- Fuair na mic léinn thuas a ngradaim ag an gcomhdháil bhliantúil in Ollscoil Cranefield. Comhghairdeas le Brendan O Donnell, maoirseoir na dtionscadal seo, leis.

- Comhghairdeas leis na mic léinn Liam Moran agus Neol Kilbride. Fuaradar Gradam an Teastas Barrfheabhais CIOB in 2010.
- Tar éis bháis thobann duine dar gcomhghleacaithe, Patrick Flyinn, i mí Bhealtaine 2010 thionscain a chomhoibrithe an gradam innealtóireachta Patrick Flynn i gcuimhne agus in onóir dó; bronntar uair sa bhliain é ar an mac léinn is fearr ag Leibhéal 7 i Scoil na hInnealtóireachta. Comhghairdeas le JJ Canty an chéad duine a bhuaigh an gradam seo.
- Thug Tim Segal, Ceann na Roinne, caint do rannpháirtithe SCIFEST dar teideal engineering 'Our World'.
- Ar an 16 Feabhra 2011 bhí an Scoil Innealtóireachta mar óstach ag trí cinn de thaispeántais eolaíochta/innealtóireachta do dhaltaí bunscoile. Dhein Innealtóirí Éireann/STEPS urraíocht ar an seó dar teideal Air-Mazing (Innealtóireacht a dhéanamh ar an todhchaí le neomataic) mar chuid de ghníomhaíochtaí seachtain bhliantúil na hInnealtóireachta. D'fhreastail breis is 450 dalta ó 7 mbunscoil i gCiarraí Thuaidh/Trá Lí ar an ócáid.

Comhcheardlanna Acadúla

Coinníodh cruinnithe na gComhcheardlanna Acadúla le linn na Bliana Acadúla 2010/2011 le linn am lóin i gcónaí. Ba iad an Ceann Roinne, Teagascóirí ranga agus ionadaithe na mac léinn sa rang a bhíodh i láthair. Ag na cruinnithe seo fuair na mic léinn deis ceisteanna a ardú cosúil le háiseanna, dáileadh éileamh oibre, léachtóirí ag bogadh ar aghaidh go ró-thapaidh, deacrachtaí le hábhar srl. Réitíodh na ceisteanna de ghnáth ag an gcruinniú roinne nó laistigh de lá nó dhó trí Cinn Roinne/Cinn Rannóige a bheith ag obair leis na hIonadaithe Mac Léinn.

Tugadh isteach córas nua do na cruinnithe seo i mí Mheán Fómhair 2010. Cuirtear na mic léinn uile ar an eolas trí ríomhphost faoi gach cruinniú na gcomhcheardlainne seachtain roimh ré. Mar seo tugtar deis dóibh ceisteanna a ardú leis an Ionadaí Ranga. Comhaontófar miontuairiscí ag an gcruinniú agus scaipfear iad go gairid ina dhiaidh sin. Tá réitigh na bhfadhbanna a luadh iontu.

Cruinnithe Roinne

De bharr go bhfuil foireann, ábhar, áiseanna agus trealamh i gcoitinne acu deineadh cruinnithe bord cúrsa a roinnt ina ndá chatagóir:

- Sibhialta/Foirgníocht
- Innealtóireacht Talmhaíochta, Innealtóireacht Mheiciúil, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach, Innealtóireacht Táirgthe, Bainistiú Fuinnimh Inathnuaite & Fuinnimh.

Tionóladh cruinnithe ar bhonn míosúil nó níos minice má bhí gá leis. Lasmuigh de na gnáthcheisteanna bainistíochta agus monatóireacht mac léinn ba iad na priomhcheisteanna a pléadh ná:

- Athbhreithniú Institiúideach
- Creidiúnú ó Innealtóirí Éireann
- Pleananna Oibriúcháin na Ranna
- Struchtúir nua na Ranna

Reáchtáiltear cruinnithe Bord Scoile agus cruinnithe Feidhmeannacht Innealtóireachta le linn na bliana chomh maith.

Soláthar Foirne
Chuaigh na daoine seo a leanas ar scor ó IT, Trá Lí sa BA 2010/2011
Eddie O'Connor - Teicneoir Innealtóireachta

Cúrsaí:
Chuir Scoil na hInnealtóireachta na cúrsaí seo a leanas ar fáil sa bhliain acadúil 2010/2011:

Ardteastas in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgthe
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Innealtóireacht Déantúsaíochta
Ardteastas in Inneatóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir in Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas i Staidéar Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Foirgníochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach
Baitsiléir Eolaíochta i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh
Baitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Chainníochta

Tá modúil Chéim 4 agus Chéim 6 sna cúrsaí priníseachta seo a leanas á reáchtáil ag an Scoil Innealtóireachta:

- cearpantóireacht & adhmadóireacht
- Meicníocht Thalmhaíochta

Is í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí an t-aon choláiste sa tír a thairgeann cúrsaí printíseachta leibhéal ceirde i meicníochtaí Talmhaíochta. Ag an institiúid gheobhann na mic léinn taithí ar an teicneolaíocht úrnua a úsáidtear sa réimse atá roghnaithe acu, agus deineann siad staidéar uirthi.

Ceann Scoile: **An tUas. John Murphy**
Ceann Roinne: **An tUas. Tim Segal**

Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta

Tá Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta ar cheann de thrí scoileanna na hInstitiúide. Tá ceithre Roinn inti: Ríomhaireacht & Matamaitic, Na hEolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógaisíochta, Staidéar Sláinte agus Fóillíochta agus Staidéar Altranais & Cúram Sláinte.

Tairgeann an Scoil cláracha múinte idir Ardteastas agus Mháistreacht. Tá líon na gcúrsaí a fhorbraítear agus a thairgtear i gcomhar le coláistí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i méid de réir a chéile. Tá an Scoil ag forbairt acmhainní ar líne dá cuid féin i gcónaí agus is féidir roinnt modúl a ghlacadh trí chur chuige foghlama cumaisc, is é sin, meascán d'fhreastal agus foghlaim ar líne. Ina theannta sin tá foghlaimeoirí cláraithe ar chláracha taighde Mháistreachta agus Dochtúireachta. Tá roinnt réimsí taighde straitéiseacha ag an Institiúid a bhaineann leis an Scoi - áiritear orthu seo Lárionad Biththeicneolaíochta Feidhmí na Sionnaine, Lárionad Fisiciúil Oiriúnaithe CARA, an Lárionad um Nuáil i gCórais Dháilte, an Lárionad um Optaic Gheoiméadrach agus an Lárionad um Chur chun cinn Oideachais Idirghairme (CAIPE). Aithíonn an Scoil luach comhghuallachtaí straitéiseacha mar shás chun aischothú a fháil, chun ár gcuid príomhghníomhaíochtaí a threisiú agus chun deiseanna a chruthú dár gcuid luchtanna leasa agus dúinn féin. Tá líonra comhpháirtíochtaí forbartha ag gach Roinn laistigh den Scoil ag a bhfuil réimse ilghnéitheach eagraíochtaí inár réigiún, sa tír agus lasmuigh di.

In 2010/2011 cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas:

Máistr. Eol. in Altranas mar chlár lánaimseartha
Dioplóma i gCeannaireacht Altranais

Tháinig méadú 0.5% ar líon na mac léinn sa Scoil i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tá 1152 mac léinn inti faoi láthair (66 mhac léinn páirtaimseartha, síos ó 81 sa bhliain seo caite agus 1086 mhac léinn lánaimseartha, suas ó 1015 sa bhliain roimhe seo). Tá 50 mac léinn cláraithe do staidéar iarchéime faoi láthair (múinte agus taighde).

Tá roghbhlúire d'imeachtaí agus éachtaí anseo thíos:

- Bhuaigh Carmel Penrose ó ITT an gradam óir Fochéime náisiúnta d'altranas i mí Dheireadh Fómhair 2010
- Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2010
- An Chomhdháil FittSport i mí Feabhra 2011
- Comhdháil Ealaíon & Eolaíochta ' 2011 Ag Tuistiú ár bPáistí, i mí Feabhra 2011 i gcomhpháirtíocht le FSS, CAIPE

- CampAbilities Éireann i mí Aibreáin 2011
- an 4ú Comhdháil Náisiúnta do Ghníomhaíocht Choirp Oiriúnaithe i mí Bhealtaine 2011
- SciFest i mí Bhealtaine 2011
- Bhuaigh WildTrex an gradam YEP tríú leibhéil - Oideachas a chur orainn agus siúlóidí spaoi faoi ghnáthóga agus fána don earnáil turasóireachta agus oideachais

Ceann Scoile:	An tUas. Séamus O'Shea
Ceann Roinne: Eolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógaisíochta:	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta:	An Dr. Michael Hall
Ceann Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Altranas & Staidéar Cúram Sláinte:	An Dr. Gary Brown



Tuarascáil Leabharlainne

Taispeántas sa Leabharlann Mí Mheán Fómhair 2010
Bhí an Leabharlann mar óstach ar thaispeántas dar teideal "Violence against Women 365 International Poster Exhibition' (Foiréigean i gcoinne Ban 365 - Taispeántas Póstaeir Idirnáisiúnta) ón 20 - 29 Meán Fómhair. Bhí an taispeántas á óstáil ag an Roinn Ghnó agus an Líonra Opendoor le chéile. D'eagraigh Aisling Sharkey, Fiona Mullins agus Catherine Casey ón Líonra Opendoor an taispeántas seo a sheol Miriam McGillycuddy.

Seoladh an Chóras Féineisiúna (Deireadh Fómhair 2010)
Ar an 7 Deireadh Fómhair thug an Leabharlann isteach córas féineisiúna leabhair i leabharlanna an dá champais, Thuaidh agus Theas. Tá na haonaid suite i limistéar an an phríomhsheilf i Leabharlann an Champais Theas agus ar an gcéad urlár i bPríomhlimistéar na mBailiúcháin Leabhair i Leabharlann an Champais Thuaidh.

Nuachtlitir na Leabharlainne Fómhar 2010, Imleabhar 5, Eagrán 2
Seoladh nasc chuig cóip leictreonach den Nuachtlitir seo atá ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne chuig gach ball foirne agus gach mac léinn. Sa Nuachtlitir tugadh mionchuntas ar Thorthaí an tSuirbhé ar Chustaiméirí na Leabharlainne 2010 (féach thíos), mar aon le heolas ar: Na hacmhainní ar líne is deireannaí; na haonaid fhéineisiúna; Leagan amach na Leabharlainne ar an gCampas Thuaidh; Spásanna Staidéir sa Leabharlann; Treoraithe Ábhair. Tá teacht ar an Nuachtlitir agus ar thorhaí iomlána an tsuirbhé ar líne trí shuíomh gréasáin na Leabharlainne ag http://www.libray.ittralee.ie

Torthaí an tSuirbhé ar Chustaiméirí na Leabharlainne 2010 (Nuachtlitir na Leabharlainne Deireadh Fómhair 2010)
Réimsí ar mheas tú go raibh an Leabharlann ag cruthú go maith
Leibhéal seirbhíse
Gairmiúlacht agus cabhracht foireann na Leabharlainne
Cumarsáid le húsáideoirí
Bunachair shonraí na bpáipéirí scrúdaithe agus suíomh idirlín.
Réimse agus áisiúlacht acmhainní ar líne na Leabharlainne
Áiseanna i gcomhair staidéar grúpa agus áiseanna cruinnithe
Mar a éiríonn le foireann na leabharlainne do chuid fiosruithe a réiteach

Réimsí ar mheas tú go raibh feabhas ag teastáil
Uaireanta oscailte ar an gCampas Thuaidh agus ar an gCampas Theas
Líon agus réimse na leabhar sa Leabharlann
Leibhéil torainn sa leabharlann a chur faoi smacht ar an gCampas Thuaidh agus Theas
Fótachóipeáil agus priontáil
Líon na ríomhairí sa Leabharlann

Is mar seo atá i gceist ag an Leabharlann déileáil leis na fadhbanna seo
Uaireanta oscailte na Leabharlainne
Tá níos mó uaireanta oscailte ag an Leabharlann anois sa Champas Thuaidh. Ó Mheán Fómhair 2010 táimid ar oscailt dhá oíche sa mbreis (is é sin, 9rn - 8in Luan go Déardaoin). Chomh maith leis sin, beimid ar oscailt gach Satharn ar an gCampas Thuaidh le linn an téarma ar fud na bliana (ach amháin gach Satharn Saoire Bhainc). Ag an gCampas Theas beimid ag dul i gcomhairle leis na mic léinn agus leis an bhfoireann acadúil d'fhonn dearadh na leabharlainne agus limistéar an tseomra léitheoireachta a fheabhsú chun an tseirbhís mar atá sí faoi láthair a fheabhsú.

Torann sa Leabharlann

Tabharfaimid isteach maoirseacht a dhéanfaidh foireann na leabharlainne ar gach limistéar den leabharlann. Lena chois seo cuirfimid i bhfeidhm go dian na rialacha maidir le húsáideoirí leabharlainne a chuireann isteach ar an leabharlann, is cuma an trí bheith ag caint nó ag úsáid gutháin phóca. Gearrfar fíneálacha más gá.

Ríomhairí sa Leabharlann

Rialacha nua a chuireann cosc ar úsáideoirí leabharlainne ríomhairí a chur in áirithe - má tá ríomhaire gan úsáid ar feadh 30 nóiméad beidh sé ar fáil do gach úsáideoir leabharlainne. Ó dealraíonn an scéal gur ar an gCampas Thuaidh is mó atá an fhadhb maidir le teacht a fháil ar ríomhaire agus ag am na scrúduithe, osclóimid an Seomra Oideachais d'Úsáideoirí na Leabharlainne sa Champas Thuaidh d'úsáid ghinearálta ar feadh 2 sheachtaine roimh scrúduithe Seimeastair 1 agus Seimeastair 2 agus le linn na scrúduithe féin. Ar an gcuma seo cuirfear 20 ríomhaire sa mbreis ar fáil ag na buaicamantaí seo.

Líon agus réimse na leabhar sa Leabharlann

Déanfaimid iarracht ar rochtain ar leabhair a uasmhéadú trí rialacha iasachta oiriúnacha a úsáid: leanfaimid orainn ag obair go dlúth leis an bhfoireann acadúil agus cuirfimid cóipeanna na bpríomhthéacsleabhar ar Iasacht Chúntair.

Ríomhleabhair - tá roinnt pacáistí ríomhleabhair ceannaithe again lena n-áirítear ebrary agus SAGE Reference. Tugann siad rochtain ar bhreis is 50,000 leabhar ar an gcampas agus lasmuigh de. Leanfaimid orainn ag fiosrú conas is féidir na seirbhísí ríomhleabhair a mhéadú.

Treoraithe Ábhair na Leabharlainne

I mí Dheireadh Fómhair thug an Leabharlann isteach réimse nua treoraithe ábhair a chlúdaíonn na príomhréimsí ábhair a ndéantar staidéar orthu san Institiúid, i Staidéar Gnó agus Innealtóireacht. Dearadh na treoraithe ar shlí chun samplaí sainábhair ar inneachar acmhainní leabharlainne a thabhairt, rud a áiríonn ríomhleabhair, irisí agus bunachair shonraí ar líne agus suíomhanna gréasáin áisiúla. Tá 8 gcinn de threoraithe Innealtóireachta, 11 threoraí Eolaíochta agus 12 threoraí Staidéar Gnó ar fáil. Tá said ar fáil ar line ag http://www.library.ittralee/screens/SubjectGuides.html

Triail an bhunachar sonraí Fiontraíochta

D'eagraigh an Leabharlann triail ar an mbunachar sonraí Fiontraíochta ProQuest a bhí ar siúl ón 19 Deireadh Fómhair go dtí an 18 Samhain.

Oiliúint ar Bhunachar Sonraí - Lexis Nexis (Deireadh Fómhair 2010)

D'éascaigh Ian O'Carroll ó Lexis Nexis ceithre sheisiún oiliúna ar na bunachair shonraí Ghnó agus Dlí don bhfoireann agus do na mic léinn ar an nDéardaoin 21 Deireadh Fómhair. Reáchtáladh na seisiúin oiliúna in U105 sa Leabharlann.

Oíche threoshuímh leabharlainne de chuid Chuideachtaí KTP (Samhain 2010)

D'fhreastail ionadaithe ar 18 gCuideachta Campais KTP ar ITT ar an 3 Samhain i gcomhair oíche Treoshuíomh Leabharlainne. Tugadh forbhreathnú dóibh ar na hacmhainní atá ar fáil sa Leabharlann mar aon le turas ar an Leabharlann. Ba í an Oifig Forbartha a d'eagraigh an oíche i gcomhar le Forbairt na Sionainne.

Liosta na bhFreastalaithe
Barabra Reen: Interbilling; Stephanie Watson: Bio Atlantis; Mike Barry: Saorgus Energy; Kathryn Kissane: Repay; Alison Boardman: Unique Voice Translations Services; Carmel O' Shea Maloney: O' Shea Maloney NY Law P.C. ; Peter Noonan: PN Software; Michael McAuliffe: Enercon Windfarmservices Ireland Ltd.; Paudie Cronin: Neustock Media; David McKenna: Continuum Commerce Solutions; Emer Doyle: Aspen Grove; Luke Prendeville: FreeFlow ; Milosz Wojcik: DCS Energy Savings; Danielle Prendeville: Assess Ireland; Mary Boner: Glen Dimplex; Hiltje Nawijn: PulseLearning ; Geraldine Patton: Altobridge; Siobhan Naughton: Forbairt na Sionainne; Marie Lynch: Forbairt na Sionainne.

Leagan Gaeilge de Shuíomh Gréasáin na Leabharlainne / na dTreoraithe Leabharlainne (Samhain 2010)
Cuireadh an leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin na Leabharlainne suas i mí na Samhna. Tá sé ar fáil ag http://library.ittralee.ie/*iri
Tá teacht ar an suíomh leis, ón bpríomhshuíomh Baile i mBéarla ach cliceáil ar an nasc Gaeilge ar an mbarra roghchláir ar an mbarr. Lena chois sin d'eisigh an Leabharlann leaganacha Gaeilge nua de na príomhthreoraithe Leabharlainne.

Seachtain d'Oideachas Aosach Aontas i mí Feabhra 2011
Cuireadh taispeántas acmhainní ar fáil chun Seachtain d'Oideachas Aosach de chuid Aontas a chur chun cinn.

Lá Ceoil Love Life, Aibreán 2011
Bhí an Leabharlann ina hóstach do thaispeántas cuid de na hacmhainní ceoil atá ar fáil sa leabharlann mar chuid den ócáid Lá Ceoil Love Life; ar na hacmhainní a cuireadh ar thaispeáint áirítear rogha leabhar, irisí agus taifeadtaí. Lena chois sin tugadh deis do dhaoine éisteacht le ceol taifeadta a bhí cumtha ag mic léinn Teicneolaíocht an Cheoil den tríú bliain.

Seimineár do chuideachtaí Endeavour, Bealtaine 2011
D'fhreastail ionadaithe de chuideachtaí Campus Endeavour de chuid Pháirc Theicneolaíochta Chiarraí ar ITT i mí Bhealtaine i gcomhair oíche Treoshuímh Leabharlainne. Fuaireadar forbhreathnú ar na hacmhainní atá ar fáil sa Leabharlann agus tugadh turas na leabharlainne dóibh.

Suirbhé ar úsáid Iris na Leabharlainne, Bealtaine 2011
Deineadh suirbhé ar líne ar úsáid irisí clóbhuailte na Leabharlainne ar gach ball foirne agus na mic léinn. Fuarthas 115 fhreagra san iomlán idir an 4 agus 16 Bealtaine. Úsáideadh aischothú an tsuirbhé mar chuid de thuarascáil dhomhain ar úsáid irisí clóbhuailte in IT, Trá Lí a chuir foireann na leabharlainne le chéile.

Suirbhé na Leabharlainne ar mhic léinn agus foireann, Bealtaine/Meitheamh 2011
Dháil an Leabharlann amach a suirbhé bliantúil ar líne ar an bhfoireann agus na mic léinn araon. Tugadh rogha do na mic léinn leagan clóbhuailte den suirbhé a chomhlánú sa leabharlann chomh maith. Dhún an suirbhé ar an 1 Iúil. Leis an suirbhé lorgaíodh aischothú agus tuairimí ar gach gné de sheirbhís na leabharlainne.

Seoladh nasc trí ríomhphost chuig gach ball den bhfoireann agus do gach mac léinn chuig an suirbhé ar an 5 Bealtaine. Cuireadh leagan clóbhuailte den suirbhé ar fáil i leabharlanna an Champais Thuaidh agus an Champais Theas araon de bhreis air seo. Fuarthas 246 fhreagra (ar líne agus leagan clóbhuailte) ó na mic léinn. Fuarthas 26 fhreagra ar líne ó bhaill den bhfoireann.

An Leabharlann mar óstach do Chomhdháil Grúpa Úsáideoirí Nuálacha na hÉireann, Meitheamh/Iúil 2011

Bhí Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí ina hóstach do Chomhdháil Grúpa Úsáideoirí Nuálacha na hÉireann 2011 ar an nDéardaoin an 30 Meitheamh - Dé hAoine 1 Iúil i bhFoirgneamh Solas, an Campas Thuaidh. Ba é téama na Comhdhála ná "Seirbhísí leabharlainne a bharrfheabhsú trí chomhar agus nuáil".

Ba é an Dr. Philip Cohen (Ceann Seirbhísí Leabharlainne ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath) an chéad phríomhchainteoir. Phléigh seisean seirbhísí roinnte agus forbairtí eile i leabharlanna faoi na srianta airgeadais atá orainn faoi láthair.

Ba é John Naughton, Ollamh le Tuiscint Phoiblí ar an Teicneolaíocht ag an Ollscoil Oscailte agus comhfhreagraí idirlín ag an Observer i Londain an dara príomhchainteoir. Bhain seisean úsáid as taighde do leabhar dá chuid a thiocfaidh amach ar ball, "From Gutenberg to Zuckerberg: what you really need to know about the Internet" chun forbhreathnú iontach ar fad a thabhairt ar an bhforbairt atá tagtha ar an idirlíon le 20 bliain anuas, agus a chumas ollmhór leanúint de bheith ag athrú tionscail na meán agus na faisnéise.

Dhírigh Terry Kendrick, Stiúrthóir an Chláir MBA ag Ollscoil Anglia Thoir, ar a thábhacht atá margaíocht trí úsáid acmhainní leabharlainne a uasmhéadú, go háirithe i saol ina gcuireann Google agus soláthraithe idirlín eile rochtain ar fáil do mhic léinn ar réimse leathan foinsí eolais ar líne saor in aisce.
Bhain Cathal Mc Cauley, (Leabharlannaí, OÉ Mhaigh Nuad) úsáid as a chuid suimeanna taighde ina chaint. Áirítear orthu seo leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus múnlaí seirbhíse nua chun eispéireas leabhalainne na foirne agus na léitheoirí a chur chun cinn. Dhírigh sé go háirithe ar an tslí ina bhfuil réimsí ar nós blaganna, Twitter agus Facebook forbartha ag roinnt leabharlanna chun a gcuid seirbhísí a chur chun cinn.

Ar thopaicí eile a pléadh áirítear feidhmchláracha mionsonraithe, forbhreathnú ar bhogearraí ríomhleabhair agus léitheoirí agus torthaí cur chuige comhpháirtíochta chun bogearraí ebrary a chur chun cinn in IT, Trá Lí. I measc na gcainteoirí bhí Terry O'Brien agus David Kane ó IT Phort Láirge; an Dr. Tom Farelly, Tony Murphy agus Catherine Murray, IT, Trá Lí; Charles Montague agus Christoph Schmidt-Supprian, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Graham Woodruff, Innovative Interfaces Inc.

Glacann an Leabharlann páirt i gclár taithí oibre STAR, Iúil/Lúnasa 2011

Mar chuid de chlár taithí oibre STAR thug mac léinn den 5ú bliain faoi chlár taithí oibre 8 seachtaine sa leabharlann.

Foireann na Leabharlainne

Patrick Doherty, Leabharlannaí

Catherine Murray, Leas-Leabharlannaí

Donal O'Sullivan, Leabharlannaí Cúnta

Tony Murphy, Leabharlannaí na gCóras

Gerard Griffin, Cúntóir Leabharlainne Sinsearach

Josephine Deane, Cúntóir Leabharlainne

Phyl Guerin, Cúntóir Leabharlainne

Mary Hopkins, Cúntóir Leabharlainne

Siobhan O Callaghan, Cúntóir Leabharlainne

Angela O Connor Desmond, Cúntóir Leabharlainne

Catherine O Neill, Cúntóir Leabharlainne

Mary Warner, Cúntóir Leabharlainne



Cláracha

Soláthraíonn IT, Trá Lí réimse cláracha lánaimseartha i Staidéar Gnó agus Staidéar Sóisialta, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus Eolaíocht & Ríomhaireacht. Tá Údarás Tarmligthe ón gComhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna ag an Institiúid chun dámhachtainí a bhronnadh ag Leibhéil 6,7,8 agus 9 (cláracha múinte) de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna

Teastas i mBainistíocht Ghnó (Miondámhachtain)
Teastas i bhFiontraíocht (Miondámhachtain)
Cúrsa Teicneora Chuntasaíochta de chuid ACCA

Ardteastas in Ardstaidéar Gnó
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas i gCórais Faisnéise Oifige

Baitsiléir Eal. i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó Cuntasaíocht
Baitsiléir Gnó, Gnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir Gnó, Bainistíocht
Baitsiléir Gnó Margaíocht
Baitsiléir Eal. i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Eal. i gCúram agus Oideachas Luathóige
Baitsiléir Eal. i gCleachtas Oibre Óige agus Pobail
Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Eal. sna hEalaíona Cócaireachta
Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Baitsiléir Eal. (Onór.) Bainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onór.)
Baitsiléir Gnó (Onór.) - Bainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onór.) - Margaíocht
Baitsiléir Gnó (Onór.) Cuntasaíocht
Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram agus Oideachas Luathóige
Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Fáilteachais
Baitsiléir Eal. (Onór.) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Eal. (Onór.) i dTeicneolaíocht an Cheoil
Baitsiléir Eal. i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram agus Oideachas Luathóige
Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCleachtas Oibre Óige agus Pobail
Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtaíochta
Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Cláracha Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireachta

Ardteastas i gCóraireacht Ghairmiúil
Ardteastas in Eal. i Staidéar Fáilteachais
Ardteastas in Eal. sna hEalaíona Cócaireachta
Ardteastas in Eal. i Maoirseacht Bheáir

Cláracha larchéime

Máistreacht trí Thaighde
Ph.D. trí Thaighde
Máistreacht Ghnó
Máistreacht Ghnó i bhFiontraíocht
Máistreacht Ghnó - Bainistíocht Córas Faisnéise
Máistreacht Eal. trí Thaighde

Scoil na hInnealtóireachta

Teastas i bhFuinneamh Inathnuaite
Teastas i mBainistíocht Fuinnimh
Teastas i Scileanna Ceardaíochta Inaistrithe
Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas Innealt. i bhFoirgníocht
Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Thalmhaíochta
Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Mheicniúil

Siúnéir. & Adhmadóir. FÁS, Céim 4
Siúnéirer. & Adhmadóir. FÁS, Céim 6
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 4
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 6

Baitsiléir Innealt. (Gnáth) Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Eol. (Gnáth) Foirgníocht
Baitsiléir Eol. (Gnáth) i Suirbhéireacht Chainníochta
Baitsiléir Innealt. (Gnáth) Innealtóireacht Thalmhaíochta
Baitsiléir Innealt. (Gnáth) in Innealtóireacht Tháirgthe
Baitsiléir Innealt. (Gnáth) in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
Baitsiléir Innealt. (Gnáth) i mBainistíocht Fuinnimh Inathnuaite agus Fuinnimh
Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Áiseanna
Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Foirgníochta
Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Táirgthe
Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Innealt. Thalmhaíochta

Máistreacht trí Thaighde
Ph.D. trí Thaighde

Scoil na hEolaíochta

Teastas sna hEolaíochtaí Comhshaoil (Miondámhachtain)
Teastas i dTacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise (Miondámhachtain)
Ardteastas i dTacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise
Ardteastas in Eolaíocht Bhitheolaíochta agus Comhshaoil

Baitsiléir Eol. i bhForbairt Bogearraí Ríomhaireachta
Baitsiléir Eol. i bhForbairt Cluichí Ríomhaireachta
Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil
Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le fóiréinsic

Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Gníomhaíochtaí Coirp Oiriúnaithe
Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht - Corpoideachas

Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht-Gairmí Aclaíochta
Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht-Forbairt Spóirt
Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht-Folláine
Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Suathaireacht

Baitsiléir Eol. i dTacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise
Baitsiléir Eol. (Onór.) Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí

Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas-Altranas Meabharshláinte
Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBitheolaíocht Fiadhúlra
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhairecht mar aon le Forbairt Bogearraí

Baitsiléir Eol. (Onór.) i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Gníomhaíochtaí Coirp Oiriúnaithe
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Sláinte agus Fóillíocht - Corpoideachas
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Sláinte agus Fóillíocht - Gairmí Aclaíochta
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Sláinte agus Fóillíocht - Forbairt Spóirt
Baitsiléir Eol. (Onór.) i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Suathaireacht

Máistreacht agus Ph.D. trí thaighde
Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais

Dioplóma i gCeannaireacht Altranais
Máistreacht Eol. san Altranas

Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann an Institiúid Scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú caighdeán a chinntiú i scrúduithe atá á modhnú ag an gComhairle. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh maidir le clár iomlán nó d'ábhair aonair.

Is í feidhm na scrúdaitheoirí seachtracha ná:

- A chinntiú go gcuirtear caighdeáin chuí i bhfeidhm
- A chinntiú gur caighdeáin atá inchurtha lena chéile atá i bhfeidhm ó institiúid go chéile
- Féachaint ar dhréacht de gach páipéar scrúdaithe, freagraí samplacha agus scéimeanna margaíochta, agus athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe srl. a dhéanamh a mheasann siad a bheith cuí
- Tuairim a cheapadh ar oiriúnacht marcála ag gach leibhéal den aicmiú, ar ábhair scrúdaithe a chuirtear os comhair na n-iarrthóirí
- Féachaint ar ábhar meastóireachta a chuireann na mic léinn i láthair
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin i ngach bliain acadúil

Bhí na daoine seo a leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha ag an Institiúid le linn na Bliana Acadúla 2010/2011.

Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta

An tUas. John Andy Bonar	Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onór.) Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Córas Faisnéise
An tUas. Donagh O'Shea	Baitsiléir Eal. (Onór.) i dTeicneolaíocht an Cheoil
An tUas. Gerard Long	Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
An Dr. Kerry Hagan	Baitsiléir Eal. (Onór.) i dTeicneolaíocht an Cheoil Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCraoltóireacht Teilifíse, Raidió agus Meán Nua Baitsiléir Eal. (Onór.) in Ilmheáin Idirghníomhacha
An tUas. Richie Hoare	Máistreacht i Riarachán Gnó
An tUas. Cathal Kearney	Ardteastas i nGnó (Ardghnó) Ardteastas i nGnó Baitsiléir Gnó Ardteastas i nGnó i gCórais Faisnéise Oifige

	Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainsitíocht Córas Faisnéise Baistiléir Gnó (Onór.)
Noelle O'Connor, Uas.	Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
An tUas. Tomas Mangan	Ardteastas i Staidéar Fáilteachais
An tUas. Brian Donnelly	Ardteastas Gnó (Ardghnó) Ardteastas Gnó Baitsiléir Gnó (Gnáth) Forlíontach Baitsiléir Gnó (Onór.) Forlíontach Baitsiléir Gnó (Onór.) ab initio
An Dr. Kevin Lalor	Baitsiléir Eal. i gCúram Sóisialta Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram Sóisialta Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram agus Oideachas Luathóige
An tUas. Tom O'Connor	Baitsiléir Eal. i gCúram Sóisialta Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram Sóisialta
Lorraine Halpin (Uas.)	Ardteastas i nGnó i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. (ab-initio) i mBainsitíocht Córas Faisnéise Ardteastas i nGnó i gCóras Faisnéise Oifige
An tUas. Gerard Philips	Baitsiléir Eal. i gCúram Sóisialta Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram Sóisialta
An Dr. Aidan Daly	Máistreacht Ghnó
Grainne Daly, Uas.	Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Turasóireachta & Taistil Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Turasóireachta & Taistil
Mary Reid, Uas.	Ardteastas sna hEalaíona Cócaireachta. Clár Tumoideachais Iomláin
An Dr. Deirdre Hogan	Baitsiléir Eal. i gCúram & Oideachas Luathóige Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCúram & Oideachas Luathóige Baitsiléir Eal. i gCúram & Oideachas Luathóige
An Dr. Ann Thorne	Máistreacht i Riarachán Gnó

Joan McDonald, Uas.	Baitsiléir Gnó (Onór.) ab initio Ardteastas Gnó
An tUas. Michael Murphy	Baitsiléir Eal. (Onór.) in Ilmheáin Idirghníomhacha Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. (Onór.) i gCraoltóireacht Teilifíse, Raidió & Meáin Nua Baitsiléir Eal. (Onór.) in Ilmheáin Idirghníomhacha
An tUas. Frank Xavier O'Connor	Baitsiléir Eal. sna hEalaíona Cócaireachta (Páirtaim.)
An tUas. Steve McNamara	Baitsiléir Eal. i gCleachtas Oibre Óige & Pobail
An tUas. Philip Brazil	Ardteasttas i gCócaireacht Ghairmiúil
Moragh Canney, Uas.	Ardteastas i Staidéar Turasóireachta mar aon le Gnó
Gail Cotter Buckley, Uas.	Ardteastas Eal. i Maoirseacht Beáir
Denise Lyons, Uas.	Baitsiléir Eal. i gCúram & Oideachas Luathóige Baitsiléir Eal. i gCúram Sóisialta Baitsiléir Eal. i gCleachtas Oibre Óige agus Pobail
Nuala O'Connor, Uas.	Baitsiléir Eal. (Onór.) in Ilmheáin Idirghníomhacha Baitsiléir Eal. (Onór.) i dTeicneolaíocht an Cheoil Baitsiléir Eal. i gCraoltóireacht Teilifíse, Raidió & Meáin Nua
An tUas.Donncha O'Donoghue	Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó (Onór.)
Clare O'Grady, Uas.	Ardteastas Gnó i gCórais Fhaisnéise Oifige Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Eal.i mBainistíocht Córas Faisnéise (ab initio)
Deirdre Scott, Uas.	Baitsiléir Eal. in Oideachas & Cúram Luathóige Baitsiléir Eal. (Onór.) in Oideachas & Cúram Luathóige

Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta

An Dr. Sean Reidy	Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le Fóiréinsic Baitsiléir Eol.(Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le Fóiréinsic Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Ardteastas in Anailís Chógaisíochta le Cosmaidí Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chosmaidí Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chosmaidí Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le Fóiréinsic
An tUas. Andrew Beatty	Ardteastas in Eolaíocht & Ríomhaireacht - Tacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise Baitsiléir Eol. i bhForbairt Bogearraí Ríomhaireachta Baitsiléir Eol. (Onór.)Forbairt Bogearraí Ríomhair. Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eol. (Onór.) Ríomhair. le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Gréasáin Idirghníomhach Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Gréasáin Idirghníomhach Ard-dioplóma Eol. i Ríomhaireacht
An Dr. Liam Hennessy	Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Pauline Jordan, Uas.	Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eol. (Onór.) Staidéar Sláinte, Aclaíocht & Fóill. Baitsiléir Eal. i mBainist.Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Eal. i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta Baitsiléir Eal. (Onór.) i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta

Audrey Chambers, Uas.	Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eol.(Onór.) in Altranas (CCDA)
Jane McCarthy, Uas.	Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas Meabharshláinte
An Dr. Andy Fogarty	Ardteastas Eol. in Eolaíocht Bhitheolaíochta agus Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le Foiréinsic Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le Foiréinsic Baitsiléir Eol. i mBitheolaíocht Fheidhmeach
An Dr. R.H. Morgan	Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais
An Dr. Siobhan McClean	Ardteastas Eol. in Eolaíocht Bhitheolaíochta & Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le Foiréinsic Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le Foiréinsic Baitsiléir Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil Baitsiléir Eol. i mBitheolaíocht Fheidhmeach
An Dr. Barry Feeney	Ardteastas Ríomhaireachta - Tacaíocht Teicneolaíocht Fhaisnéise Baitsiléir Eol. Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin Baitsiléir Eol. (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht Teicneolaíocht Fhaisnéise

	Baitsiléir Eol. i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Gréasáin Idirghníomhach Baitsiléir Eol.(Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Gréasáin Idirghníomhach Ard-dioplóma in Eolaíocht i Ríomhaireacht
An tUas. Gordon Mitchell	Baitsiléir Eol. (Onór.) in Altranas Meabharshláinte
An Dr. Evelyn Carnegie	Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Corpoideachais Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
An Dr. Susan Crawford	Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Corpoideachais
An Dr. Frank O'Brien	Ardteastas Eol. i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra
An Dr. Rory Harrington	Ardteastas i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra
An Dr. Brian Coates	Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Corpoideachais Baitsiléir Eol. i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Corpoideachas
Shirley Congdon, Uas.	Máistreacht Eol. san Altranas
An Dr. Tadhg MacIntryre	Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta Baisiléir Eol. (Onór.) i Staidéar Corpoideachais

Scoil na hInnealtóireachta

An tUas. Michael Williams	Ardteastas Eol. i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eol. i Staidéar Foirgníochta
An Dr. Tadhg Brosnan	Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Talmhaíochta
An tUas. Michael O'Gorman	Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach
An tUas. Donal Collins	Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Foirgníochta

An tUas. John Bright	Ardteastas Eol. i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eol. i Staidéar Foirgníochta
An tUas. Rory Kilgallen	Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
An tUas. Tomas O'Donoghue	Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Shibhialta
An tUas. Sean Doyle	Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Shibhialta
An tUas. Tom King	Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Innealtóireacht Talmhaíochta
An tUas. Brian Graham	Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Foirgníochta
An tUas. Robert Smyth	Baitsiléir Eol. i Suirbhéireacht Chainníochta
An tUas. Anthony Herlihy	Ardteastas Innealt. in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealt. in Innealtóireacht Táirgthe Baitsiléir Eol. (Onór.) i mBainistíocht Innealtóireacht Táirgthe
An tUas. Eoin O'Neill	Baitsiléir Eol. i Suirbhéireacht Chainníochta
An tUas. Brian Buckley	Baitsiléir Eol. i mBainistíocht Fuinnimh Inathnuaite agus Fuinnimh

Staitisticí na Mac Léinn

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA, TRÁ LÍ

TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL - CLÁRÚ MAC LÉINN LÁNAIMSEARTHA 2010/2011 (amhail 31 Deireadh Fómhair 2010)

Rollú tríú Leibhéil de réir Leibhéal Dámhachtana	**Líon Iomlán**	**Céatadán**
Bunleibhéal- Leibhéal 5		
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóill.	91	
Leibhéal 05 Iomlán	***91***	3.04%
Ardteastas - Leibhéal 06		
An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna	295	9.85%
Scoil na hInnealtóireachta	140	4.68%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóill.	17	0.57%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	27	0.90%
Leibhéal 06 Iomlán	***479***	16.00%
Fochéim - Leibhéal 07		
An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna	520	17.37%
Scoil na hInnealtóireachta	168	5.61%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóill.	281	9.39%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	118	3.94%
Leibhéal 07 Iomlán	***1087***	36.31%
Céim Onór. -Leibhéal 08		
An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna	539	18.00%
Scoil na hInnealtóireachta	48	1.60%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóill.	180	6.01%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	49	1.64%
Scoil an Altranais	278	9.29%
Leibhéal 08 Iomlán	***1094***	36.54%
Iarchéimithe Lán- & Páirtaims. Leibhéal 9 & 10 (amh.1 Márta 2011)		
An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna	20	0.67%
Scoil na hInnealtóireachta	1	0.03%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	10	0.33%
Scoil an Altranais	9	0.30%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóill.	9	0.30%
Iarchéimithe Iomlán	***49***	1.64%
Óstán & Lónadóireacht - Cláracha Fáilte Éireann, Lánaims. (Leibhéal Printíseachta)	15	0.50%
Printíseachtaí (Deireadh na Bliana Acadúla)	179	5.98%
IOMLÁN SAN INSTITIÚID	**2994**	**100%**


Bunús Baile na Mac Léinn Lánaimseartha Tríú Leibhéil
2010 / 2011
5.36%
0.79%
3.60%
6.60%
2.32%
59.81%
21.52%
Ciarraí
Mumhain ach amháin Ciarraí
Connachta
Mic léinn AE
Laighin
Ulaidh
Mic Léinn neamh AE


Rollacháin Tríú Leibhéil Iarchéime/Printíseachta Fir
2010 / 2011
1.14%
3.07%
5.98%
11.62%
5.68%
11.86%
14.76%
Altranas
Innealt. & Foirgn.
Gnó & Léann Daonna
Eolaíocht - Eol. Bheatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Ríomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Rollacháin Tríú Leibhéil Iarchéime/Printíseachta Mná2010/2011
0.90%
0.00%
2.94%
8.55%
7.41%
0.30%
25.78%
Altranas
Innealtóireacht & Foirgníocht
Gnó & Daonnachtaí
Eolaíocht - Eol. Bheatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Ríomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Rollacháin tríú leibhéil iarchéime -de réir discipline
2010 / 2011
6.01%
6.58%
5.98%
9.69%
11.92%
19.27%
40.55%
Altranas
Innealtóireacht & Foirgníocht
Gnó & Daonnachtaí
Eolaíocht - Eol. Bheatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Riomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Cúlra Sóch-eacnamaíoch Iontrálaithe Nua
Tríú Leibhéil amháin
2010 / 2011
Feinmeoirí - 12.86%
Gainmithe ardchéime - 3.29%
Fostóirí/Rainisteoirí - 9.85%
Oibrithe fóinchuntais - 7.76%
Oibrithe neamhláimhe- 7.76%
Oibrithe láimhe - oilte 13.92%
Neamhoilte - 3.83%
Oibrithe Talmhaíochta 0.74%
Gainmithe ar chéim íseal - 4.98%
Leath-oilte - 5.63%
Fostaithe eile a thuilleann pá agus daoine nach bhfuil eolas orthu - 29.97%

Tuarascáil ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

Tá líon na mac léinn a bhaineann úsáid as Seirbhísí do Mhic Léinn in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí ag dul i méid gach bliain agus is mar an gcéanna atá an chuspóir i gcónaí:

"Timpeallacht bháúil thacúil a chur ar fáil d'fhonn a chinntiú go dtugtar tacaíocht do gach mac léinn agus go gcuirtear ar a gcumas a lánacmhainn phearsanta agus lánacmhainn acadúil a bhaint amach".

Deintear athbheithniú gach bliain ar na próisis arb iad na seirbhísí do mhic léinn iad agus aon fheabhsuithe is féidir a dhéanamh, glactar beart ina dtaobh. Ós rud é go bhfuil líon agus éagsúlacht na mac léinn a fhreastalaíonn ar an Institiúid ag dul i méid is é an dúshlán atá roimh na seirbhísí ná an t-ardchaighdeán soláthar seirbhísí do mhic léinn a choimeád atá againn go dtí seo.

Rochtain & Míchumas

Bíonn an t-Oifigeach Rochtana ag obair le grúpaí réigiúnacha i gcónaí agus de chuspóir aige/aici an traidisiún in IT, Trá Lí a neartú rochtain agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas. Sa bhliain acadúil seo chláraigh 215 mhac léinn faoi mhíchumas agus deacrachtaí foghlama, mic léinn ar a bhfuil disléicse san áireamh. Léirigh sé seo go rabharmar ag díriú i ndáiríre ar mhic léinn faoi mhíchumas agus ag a bhfuil deacrachtaí foghlama a ligint isteach agus ar thacú leo.

Tugadh faoi deara go raibh fás ar líon na mac léinn a bhain leas as seirbhisí na hOifige Rochtana ó cheann ceann na bliana. Leanadh de mheasúnuithe duine le duine chomh maith le tacaíocht leanúnach le mic léinn faoi mhíchumas. Tá an céatadán is airde de mhic léinn aibí ag an Institiúid (24%) i gcomparáid le hInstitiúidí Teicneolaíochta eile. Dhein an Clár Pathfinders (Clár Rochtana) dul chun cinn maith le linn na bliana. Deineadh iarracht ar leith lena chinntiú go raibh an chomhordaitheoir Pathfinders ar fáil don bhliain acadúil nua agus deineadh measúnú iomlán ar an gclár. Freastalaíonn an Clár Pathfinders ar 105 mhac léinn nua dara leibhéil gach bliain ar daltaí na 5ú bliana agus bliain na hArdteistiméireachta iad as 9 scoil ainmnithe. Bhí 48 ndalta cláraithe i gcúrsaí staidéir san Institiúid don bhliain acadúil seo. Leanadh den Clár Spóirt 'Success" ina raibh 81 dalta bunscoile rannpháirteach. Thacaigh mic léinn as na cúrsaí Sláinte & Fóillíochta leo. I mbliana leanadh de bheith ag atreorú mic léinn chuig an Lárionad Measúnaithe do Theicneolaíocht Oiriúnaithe ag OL. Leis an socrú tras-seirbhíse seo freastalaítear ar mhíchumas agus deacracht foghlama araon.

De réir na critéir Ciste Maoinithe Shóisialta cuireadh próiseas tairisceana ar siúl chun seirbhísí míchumais a fháil cosúil le seirbhís teangaireachta teanga comharthaithe agus seirbhís breacadh nótaí leictreonach. De bhreis air seo cuireadh glaoch amach chun iompar do mhic léinn faoi mhíchumas a fháil. Dhein an ROS iniúchadh ar chiste míchumais agus Cúnamh Mhic léinn de chuid Ciste Maoinithe Shóisialta agus thuairiscigh na hiniúchóirí nach raibh aon fhadhbanna ag na réimsí seo.

Teagascóir Tacaíochta Disléicse
Tá feidhm fhíor-thábhachtach ag an Oifig um Thacaíocht Disléicse maidir le spriocanna foghlama Plean Straitéiseach na hInstitiúide. Níl aon acmhainní ag an gclár tacaíochta seo ach amháin teagascóir páirtaimseartha a fhreastalaíonn ar bhreis is 164 mac léinn ag a bhfuil a lán riachtanais éagsúla. Tá méadú nach beag tagtha ar líon na mac léinn a bhaineann leas as an tseirbhís, ó 99 nduine in 07/08. Mar thoradh ar theagmháil le mic léinn roimh theacht dóibh tá ullmhú níos fearr ag mic léinn nuair a thagann siad agus aithníonn na seirbhísí na mic léinn níos luaithe. Threisigh an tseirbhís seo na naisc le hOL níos mó fós agus, rud atá níos tábhachtaí, chabhraigh sí chun sainoiliúint ar an láthair a chur ar fáil sa trealamh Teicneolaíochta Oiriúnaithe dár gcuid mac léinn. Comhlánaítear tacaíocht ó na Lárionad Tacaíochta do Theicneolaíocht Oiriúnaithe i gcónaí le tacaíocht dhíreach ó fhoireann leabharlainne Seomra na Teicneolaíochta Oiriúnaithe sa Leabharlann agus Foirgneamh Acmhainní Eolais. Naisc le hAltranas: Bíonn an teagascóir tacaíochta disléicse ag comhoibriú i gcónaí leis an Roinn Altranais agus le F.S.S. maidir le measúnú riachtanais agus tacaíocht leanúnach do mhic léinn altranais atá cláraithe le Seirbhís Tacaíochta Disléicse IT, Trá Lí agus iad ar shocrúchán cliniciúil. Tá forbairtí ar siúl i gcónaí agus meastar go seolfar an múnla tacaíochta atá á chumadh faoi láthair, i mí Mheán Fómhair 2013.

Teagascóir Tacaíocht Foghlama do Mhic Léinn Aibí
Táthar ag súil le comhar breise idir an dá sheirbhís. Tá pleanáil idir lámha i gcomhair roinnt tionscnamh i réimsí ábhair ina bhfuil a lán éilimh ar theagasc duine le duine.

Séiplíneacht
Tugann an Séiplíneach tacaíocht thréadach do mhic léinn, baill foirne agus daoine a bhfuil ball dá dteaghlaigh tar éis bháis a fháil. Lena chois sin tá ról ríthábhachtach aige i gcomhordú leithdháileadh an Chiste Chúnaimh do Mhic Léinn. Trí chruinnithe duine le duine le mic léinn i gcaitheamh na bliana tá díriú tugtha ag an Séiplíneach do mhic léinn i ngátar chuig an gciste agus tá cabhair tugtha aige dóibh déileáil leis an bpróiseas. Bhí éileamh mór ar an gCiste Carthanais ó mhic léinn i gcruachás airgeadais i mbliana de dheasca an lagtrá eacnamaíochta a d'imir tionchar díreach ar an méadú éilimh ar thacaíocht airgeadais. B'ábhar bróin é gu bhfuair triúr mac léinn bás ag amantaí difriúla i rith na bliana, rud a chur i gcuimhne dúinn cé chomh tábhachtach atá an séiplíneach nuair a tharlaíonn a leithéid, agus chun an tacaíocht leantach a bhíonn gá léi a thabhairt agus na seirbhísí cuimhneacháin a cheiliúradh.

An tIonad Sláinte
Bíonn an tIonad Sláinte ar oscailt gach lá den tseachtain choláiste. Cuirtear cuairteanna ar an mbanaltra saor in aisce ar fáil i gcónaí agus gearrtar costas €10 ar chuairt ar an dochtúir. Is iad stíl bheatha, fadhbanna pearsanta, straidhn a bhaineann le cúrsa/staidéar agus gortuithe is mó is cúis le fadhbanna coirp, siciatracha nó siceolaíocha is mó is cúis le fadhbanna sláinte a bhíonn ag na mic léinn. Reáchtáladh clinicí sláinte agus imeachtaí chun an tsláinte a chur chun cinn ar fud na bliana. Coinníodh uaireanta dochtúra ag 3 uaire in aghaidh an lae 4 lá sa tseachtain i mbliana. Mar sin bhí níos mó teacht ar na mic léinn ar an dochtúir. Mar thoradh ar éilimh bhuiséid bíonn gá le hathbhreithniú air seo gach bliain. Cuireann an tIonad Sláinte áis imdhíonta ar fáil do na mic léinn ar shocrúcháin oibre sa phobal, leis. Comhaontaíodh prótacal chun mic léinn 'i mbaol' a bhainistiú leis an dochtúir, an bhanaltra agus le baill foirne tacaíochta lena mbaineann. Cuireadh sin ar fáil ansin don bhfoireann ar fad. Chuir an tIonad Sláinte socrúchán oibre do rúnaí leighis ar fáil i gcomhair tréimhse ceithre mhí.

Comhairleoireacht
Cuireann an tseirbhís chomhairleoireachta in ITT comhairleoireacht aon-uaire agus comhairleoireacht leanúnach ar fáil do mhic léinn chláraithe. Oibríonn an tseirbhís trí phróiseas scagtha ina ndeineann comhairleoir gach tarchur/féintharchur a scagadh chun cinneadh chomh maith agus is féidir a dhéanamh faoin cineál agus an leibhéal tacaíochta a theastaíonn ón mac léinn. De bhreis air seo cabhraíonn an scagadh seo chun Ionad Sláinte na hInstitiúide nó gníomhaireachtaí ar leith lasmuigh a chur ar an eolas faoi fhadhbanna suntasacha ar bith ar chóir díriú orthu. Is minic is leor an scagadh comhairleoireachta agus na seisiúin tosaigh chun cabhrú leis an mac léinn aghaidh a chur ar thréimhse dheacair ina shaol/ina saol. I gcásanna eile bíonn gá le clár comhairleoireachta níos faide nó le tarchuir bhreise chun cabhrú le mic léinn déileáil le ceisteanna níos casta. Is í comhairleoireacht duine le duine an modh is mó a bhfuil éileamh air. Leanadh de cheardlanna agus seisiúin ghrúpa áirithe leis, go háirithe tríd an gClár Meantóireachta Piara do Mhic Léinn aibí. Lena chois sin, chuaigh nasc leis an Teagascóir Tacaíocht Foghlama do mic léinn aibí chun tairbhe do mhic léinn.

Ar na seirbhísí a chuireann an comhairleoir ar fáil áirítear:
- Ceardlanna stíl bheatha agus meabharshláinte
- Strus scrúdaithe a bhainistiú
- Measúnú agus comhairleoireacht
- Oiliúint aireachais
- Comhairle do bhaill foirne/mhic léinn

Ó cuireadh cuma foirmiúil ar an gclár “Comhairleoir faoi Oiliúint” (Counsellor in Training) i mbliana tá deis ag comhairleoirí cáilithe anois creidiúnú agus uaireanta comhairleoireachta oiliúna a chur díobh laistigh den Institiúid. Mar thoradh ar an gclár seo tá méadú ar líon na n-uaireanta comhairleoireachta atá ar fáil sa tseirbhís agus mar sin tá teacht ag breis mac léinn leas a bhaint as an tSeirbhís Chomhairleoireachta. Tá caidreamh á chothú i gcónaí ag an tseirbhís le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí lasmuigh. Tugadh níos mó rochtain ó mhic léinn aibí ar an tseirbhís faoi deara le linn na bliana ar fad.

Spórt
Bíonn clár spóirt iomaíoch á chur ar fáil ag an Oifig Spóirt i gcónaí. Freastalaíonn sí ar na mic léinn siúd atá tógtha le spórt iomaíoch agus fóillíochta ar aon. Tá líon na mac léinn a thugann faoi spórt ag dul i méid i gcónaí cé go bhfuil easpa áiseanna spóirt istigh ar an gcampas. Táthar ag súil go gcabhróidh pleananna chun áiseanna spóirt istigh a fhorbairt sna blianta amach romhainn chun rannpháirtíocht i spórt san Institiúid a chur chun cinn.

IOMÁNAÍOCHT
Buaiteoirí Corn Ryan
Fuair Nickie Quaid an gradam All-Star Iománaíochta Corn Fitzgibbon. Ainmníodh Nickie ag lár na páirce ag an Rogha All-Star.

PEIL NA SEANÓIRÍ
Buaiteoirí Léig Roinne 2

PEIL LUCHT NA CHÉAD BLIANA
Buaiteoirí Léig Roinne 2

PEIL NA mBAN
Fuair Martina O Brien an gradam All-Star Peil na mBan. Ainmníodh Martina mar chúl báire ar an Rogha All-Star.

CAMÓGAÍOCHT
Fuair Orlaith Murphy an gradam All-Star Camógaíochta. Ainmníodh Orlaith mar lántosaí ar an Rogha All-Star.

LIATHRÓID LÁIMHE
Bhuaigh Shauna Hilley teideal oscailte USHA Náisiúnta na gColáistí in Arizona.
Bhuaigh Danny O Riordan an teideal ICHA B na ndaoine aonair idir-ollscoile.
Bhuaigh Shauna Hilley & Fergal Collins boinn airgid ag an gcomórtas ICHA 40x20 idir-ollscoile.
Bhuaigh Shauna Hilley bonn airgid ag an gcomórtas ICHA 60x30 idir-ollscoile.
Bhuaigh Cian Walsh bonn óir sa Roinn Challenger ICHA 60x30 idir-ollscoile.

DORNÁLAÍOCHT
Bhuaigh Lee Bradley an cúigiú teideal dornálaíocht na seanóirí dá chuid as a chéile ag an gcomórtas idir-ollscoile.

RÁMHAÍOCHT
D'éirigh le Monika Dukarska a teideal ollscoile a chosaint nuair a bhuaigh sí an bonn óir ag na craobhacha ollscoile i rás na mban sinsireach 1x

TAEKWONDO
Torthaí Taekwondo idir-ollscoile

Yann Sourisseau 1ú áit sa roinn meáchan éadrom spearála
Maxime Lorenzi 2ú áit sa roinn meáchan éadrom spearála
Max Merel 3ú áit sa roinn meáchan trom spearáil
San imeacht foirne fuair ITT an dara áit san imeacht spearála creasa daite. Bhuaigh siad ar Coláiste Ollscoile BhÁC (2-1) ach theip orthu i gcoinne Coláiste Ollscoile Chorcaí (2-1) sa deireadh.

JÚDÓ
Torthaí Júdó Idir-ollscoile:
Bhuaigh John Griffin agus Jamie Kevany-McMahom boinn chré-umha sa chatagóir os coill 100kg. Lena chois sin bhuaigh John Griffin Cré-umha sa Chatagóir iseal Kyu. Chomh maith leis sin, bhuaigh ITT Cré-umha san imeacht foirne

LIATHRÓID RAICÉID
Ag an gcomórtas Idir-ollscoile Liathróid Raicéid bhain ITT an dara háit amach san imeacht foirne agus bhuaigh Gareth Clarke an dara háit amach sa chomórtas 'B'.

RUGBAÍ
Roghnaíodh Sean Hurley, Jason Thong, Brian Mullins agus Eoghan Anderson ar fhoireann Choláistí na Mumhan don tsraith Idir-chúige.

Roghnaíodh Cathal O'Reilly ar fhoireann mhac léinn Léig Rugbaí na hÉireann.

SACAR
Roghnaíodh Jenni Lyttle ar Fhoireann Idir-chúige na Mumhan agus ar fhoireann Coláistí na hÉireann le Chéile. Lena chois sin fuair Jenni gradam All-Star an Phríomhléig.

LÚTHCHLEASAÍOCHT
Bhuaigh Daniel Clifford bonn Óir sa Shot Putt ag Craobhacha Laistigh IUAA
Bhuaigh Daniel Clifford bonn Airgid sa Shot Putt ag Craobhacha Laistigh IUAA Idir-ollscoile

Na Cumainn
In ITT, cuirtear réimse chuimsitheach cumann ar fáil a fhreastalaíonn ar réimse leathan suimeanna atá ag mic léinn. Idir lámhach le gunnaí aeir agus Ealaíon, Raidió agus Drama, tá oiread is 20 cumann ar fáil do na mic léinn uair ar bith. De réir mar a athraíonn treochtaí athraíonn na cumainn atá ar fáil do mhic léinn na hInstitiúide. I saolré na gcumann tagann deiseanna chun cinn chun cumainn nua a chur ar bhun gach bliain chun freastal ar shuimeanna na mac léinn. Léiríonn staitisticí na bliana go bhfuil 31% de mhic léinn lánaimseartha chláraithe ina mbaill ghníomhacha de chumainn laistigh d'IT, Trálí. Is fás suntasach bliantúil é seo ar rannpháirtíocht i gcumainn. Agus na cumainn ag gabháil tríd an gnáthshaolré éilimh, tháinig na cumainn nua, Lámhach le Gunnaí aeir agus Téatar Ceoil chun cinn le bliain anuas.

Comparáid Ballraíochta
Bl. Acadúil 10/11: 31% na mac léinn cláraithe rannpháirteach i gCumainn
Bl. Acadúil 09/10: 26% na mac léinn cláraithe rannpháirteach i gCumainn
Bl. Acadúil 08/09: 20% na mac léinn cláraithe rannpháirteach i gCumainn

Coinneáil Bhall:
Bl. Acadúil 09/10: 888 mac léinn cláraithe, 699 díobh gníomhach i gcumainn - 79% na mball cláraithe arna choinneáil
Bl. Acadúil 08/09: 1003 mhac léinn cláraithe, 461 díobh gníomhach i gcumainn - 46% na mball na mball cláraithe arna choinneáil

Gairmréimeanna
Cuireann seirbhís na nGairmréimeanna ag IT, Trá Lí réimse leathan tacaíochtaí do mhic léinn ar fáil chun cabhrú leo an cinneadh is fearr a dhéanamh maidir le cosán gairmréime a aimsiú agus conas tabhairt faoi tar éis dóibh céim a bhaint amach. Dírítear go háirithe ar: CV a ullmhú, teicníochtaí agallaimh, teicníochtaí lorg poist, líonrú, príomhscileanna a aithint, eolas ar staidéar iarchéime, cóitseáil chun na chéad chéimeanna eile is oiriúnaí a ghlacadh. Níl iontu seo a sampla de na seirbhísí uathúla atá á dtairiscint. Lena chois sin tá tionscnamh nua idir lámha ag oifig na nGairmréimeanna a bhfuil cuspóir fhíor-dhírithe aige.

Forbraíodh an coincheap don gclár Steps to Success (Céimeanna chuig Rath) le linn na bliana acadúla 2009/2010 le cabhair ó ghrúpa fócais fostóirí agus imeacht líonraithe fostóirí áitiúla. Reáchtáladh leagan píolótach den gclár seo ina bhforbraítear caidreamh idirphearsanta agus scileanna. Bhí an clár dírithe ar treoir a thabhairt do mhic léinn an grúpa ranga ISM400 chun a gcuid scileanna agus na tréithe is fearr ar féidir margaíocht a dhéanamh orthu a aithint agus a fháil amach conas is fearr a dheintear postanna féideartha a lorg agus ullmhú dóibh. Chothaigh an clár caidreamh leis an tionscal agus le meantóirí gnó agus thug sé mic léinn ag a raibh suimeanna áirithe agus fostóirí agus saineolaithe a d'oir dá réimse le chéile. Forbraíodh an clár Steps to Success agus seachadadh é i gcomhair le Roinn na Faisnéisíochta, baill den bhFoireann Acadúil agus le saineolaithe gnó.

Tionscadail faoi Chuntas Díomhaoin
Lean an tionscadal Caidrimh leis an Lucht Siúil atá á mhaoiniú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin ar aghaidh in 2010/2011. Dhein an tOifigeach Caidrimh Lucht Siúil, Christina Boland dul chun cinn maith i dteagmhálacha a chothú i bpobal an Lucht Siúil mar aon le tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar na riachtanais oideachais/cláracha forrochtana sa phobal. Deineadh éascaíocht chun dhá lá comhairleoireachta a reáchtáil ag ITT do dhaoine den Lucht Siúil sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. D'fhreastail 30 dalta agus 34 dhalta as gach grúpa faoi leith agus cuireadh aiseolas ar a gcuid eispéiris dara leibhéil le chéile mar bhonn eolais do Straitéis Idirghníomhaireachta Chiarraí don Lucht Siúil. Cuireadh clár blaiste taithí i gCócaireacht Ghairmiúil do 16 bhean ó phobal an Lucht Siúil ar siúl sa Roinn Óstáin, Turasóireachta agus Ealaíona Cócaireachta. Cuireadh tús le 'Exploring the World of Work' (Saol na hOibre a Thaiscéaladh) ar an 12 Márta 2011 ar feadh 5 seachtaine. Clár atá dírithe ar ghairmréim é seo chun daltaí bunscoile a spreagadh ina gcuid staidéir trí éascaíocht a dhéanamh dóibh gairmréimeanna a thaiscéaladh. D'fhreastail 14 pháiste don Lucht Siúil ar an gclár seo a seachadadh san Ionad Acmhainne do Theaghlaigh i mBaile Uí Spealáin i gCill Áirne. Tionscnamh chun daltaí dara leibhéil a choinneáil ar scoil is ea Star Pupil, inar ghabh Fostóirí áitiúla agus seirbhísí poiblí orthu dalta ón Lucht Siúil a bhfuil an 5ú bliain críochnaithe aige/aici a fhostú ar feadh tréimhse 8 seachtaine gach samhradh. Beidh IT, Trá Lí rannpháirteach sa tionscnamh seo den chéad uair an samhradh seo, i mí Mheithimh agus mí Iúil 2011. Glacfaimid le dalta amháin den Lucht Siúil den gcúigiú bliain.

Teagascóir Tacaíocht Foghlama do Mhic Léinn Lánfhásta
Is í Jane Brennan an teagascóir. Tá an post á mhaoiniú ag timthriall na gcuntaisí díomhaoine II agus tá dul chun cinn nach beag déanta aige i ndáil le tacaíocht foghlama a chur ar fáil tá dírithe go mór mór ar chohórt na mac léinn lánfhásta. Tairgeadh seisiúin am lóin, seisiúin ghrúpa agus seisiúin do dhaoine aonair agus bhain mic léinn leas astu i réimsí ar nós scríbhneoireacht acadúil, bainistiú ama, ullmhú do scrúduithe.

Deineadh suirbhé ar fhéin-léargas le linn Treoshuíomh 2010 ar mhic léinn lánfhásta nua. Cuireadh ceist ar na mic léinn seo a n-eispéireas agus a gcuid muiníne a rátáil i réimse gnéithe na litearthachta acadúla. Chríochnaigh 142 mhac léinn an suirbhé. Deineadh anailís air ansin maidir le réimsí ina dtugtar an riachtnas is mó faoi deara. Baineadh úsáid as an suirbhé mar bhonn eolais chun sceideal ceardlanna tosaigh a fhorbairt.

Ceardlanna
Reáchtáladh 49 gceardlann san iomlán sa bhliain acadúil 10/11 faoi mhórán topaicí scileanna staidéir éagsúla.
Ar na réimsí foghlama a pléadh sna ceardlanna áirítear: scríbhneoireacht acadúil (gnéithe éagsúla), straitéisí léitheoireachta, bainistiú ama agus ullmhú do scrúduithe.
Bhí na ceardlanna sceidealaithe ag amantaí difriúla chun an oiread inrochtaineachta agus is féidir a thabhairt do na mic léinn. Áirítear air seo seisiúin oíche, seisiúin ar an Satharn agus ag am lóin.
D'fhreastail mic léinn ag gach céim den staidéar ar na ceardlanna - idir lucht na chéad bhliana agus iarchéimithe.

Cruinnithe Treoir Staidéir don Duine Aonair
Tairgtear treoir staidéir agus tacaíocht duine le duine do mhic léinn lánfhásta. Tháinig formhór na mac léinn a d'fhreastail ar sheisiúin threoracha ón Scoil Ghnó agus ó Eolaíocht agus Ríomhaireacht. Is iad scríbhneoireacht acadúil, bainistiú ama, ullmhú do scrúduithe agus strus na saincheisteanna is mó a iarrtar cabhair ina dtaobh sna cruinnithe seo.

Tacaíochtaí i ngrúpaí beaga
Spreagadh mic léinn chun obair le chéile chun scileanna staidéir a chothú. Tairgeadh tacaíocht dóibh chun grúpaí staidéir a bhunú a bhuaileann le chéile go rialta.
Tacaíodh le grúpaí staidéir i gcaitheamh na bliana: go mór mór maidir le hullmhú do scrúduithe, scileanna scríbhneoireachta agus TF.

Tacaíocht ar líne
Cuireadh ábhair do scileanna staidéir ar fáil do mhic léinn trí WebCT, ar shuíomh Facebook agus trí ríomhphost.

Meantóireacht Piara do Mhic Léinn Lánfhásta
Tairgtear deis do gach mac léinn lánfhásta mac léinn níos sinsearaí a fháil mar Mheantóir Piara. Sa bhliain acadúil 10/11 ghlac 130 mac léinn na chéad bhliana páirt sa scéim seo mar aon le 22 Mheantóir Piara.

Tuarascáil ar Acmhainní Daonna

Tá breis is 500 ball foirne fostaithe in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Is ionann sin, isteach is amach, agus 340 post coibhéise lánaimseartha. Is cuid dhílis iad Acmhainní Daonna maidir le tacú le haidhmeanna straitéise na hInstitiúide tríd na próisis earcaíochta, oiliúna, forbartha, caidreamh tionscail, caidreamh foirne agus luach saothair a bhainistiú.

Forbhreathnú

- Tá fás i gcónaí ar líon na mac léinn agus laghdú ar an líon foirne de dheasca an Chreat Rialaithe Fostaíochta.
- Chuaigh 8 mball d'fhoireann na hInstitiúide ar scor
- Earcaíodh 29 mball foirne nua
- Tacaíodh le 11 bhall foirne tríd an gclár Oiliúna agus Forbartha chun cáilíochtaí acadúla breise a bhaint amach.
- Chuir roinn na nAcmhainní Daonna clár cóitseála feidhmeannach do bhainisteoirí sinsearacha i ngníomh agus dhein bainistíocht air.
- Bhí bainisteoirí rannpháirteach i gclár Archimedes lenar áiríodh oiliúint sna réimsí seo a leanas:
    - Cóitseáil
    - Margaíocht & Tionchar a imirt
    - Acmhainní Daonna do bhainisteoirí líne
    - Ceannaireacht a chur ar fáil
    - Clár Bainistíochta
- D'éirigh leis an roinn Acmhainní Daonna próiseas ríomhearcaíochta a chur ar fáil

Tuarascáil Airgeadais

Dhearbhaigh an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste na ráitis airgeadais don mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2011 ar an 31 Iúil 2012. Ullmhaítear na ráitis airgeadais, a bhfuil sleachta díobh leagtha amach anseo thíos, d'réir phrionsabail chuntais a nglactar go forleathan leo fé choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag an luacháil) agus d'réir riachtanais an Aire Oideachais & Eolaíochta.

Ioncam & Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana go bhfuil easnamh oibríochta de €740k, rud a chruthaíonn farasbarr carnach de €2,695k go dtí 31 Lúnasa 2011.

Thit ioncam na bliana seo 9.4% go dtí €32,771k, ar a n-áirítear deontais stáit de €15,410k agus táillí teagaisc de €6,248k. Is é caiteachas na bliana seo €33,511k, ar a n-áirítear costais foirne de €22,586k. Leithdháileadh €1,168k ón deontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

Cuntas Caipitil

Fuair an coláiste sócmhainní seasta de €2,140k in iomláine i rith na bliana. B'é muirear dímheasa na bliana ná €2,889k agus laghdaigh glanluach na sócmhainní inláimhsithe ar an 31 Lúnasa 2011 síos go €50,712k

Talamh & Foirgnimh

Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgnimh agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ionchorprú sna ráitis airgeadais. Nó go dtiocfaidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar náid agus déanfar na foirgnimh a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a costas féin.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011

	2011	2010
	€'000	€'000
Ioncam		
Deontas Stáit	15,410	17,983
Táillí Teagaisc	6,248	6,574
Muirir chláraithe mac léinn	3,942	3,639
Amúchadh Deontaisí Caipitil Iarchurtha	2,889	2,902
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	1,871	2,538
Ioncam eile	1,976	2,145
Ioncam ó Mhaoiniú Tacaíochta do Mhic léinn arna aithint	240	234
Ioncam úis	195	162
	32,771	**36,177**
Caiteachas		
Ranna Acadúla	18,036	18,890
Seirbhísí Acadúla	1,841	1,818
Costaisí Áiseanna	3,649	3,634
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	4,087	3,838
Seirbhísí agus Conláistí do Mhic léinn	897	764
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	1,872	2,546
Ioncam ó Mhaoiniú Tacaíochta do Mhic léinn arna úsáid	240	234
Luachlaghdú	2,889	2,902
	33,511	**34,626**
BARRACHAS OIBRÍOCHTA	**(740)**	**1,551**
ARNA AISTRIÚ CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA	(1,265)	(1,595)
BARRACHAS CARNAITHE AR 1 MEÁN FÓMHAIR	**4,700**	**4,744**
BARRACHAS CARNAITHE AR 31 LÚNASA	**2,695**	**4,700**

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Clár Comhardaithe 31 Lúnasa 2011

	2011	2010
	€'000	€'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	50,712	51,461
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	1,174	4,051
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	10,510	8,458
	11,684	**12,509**
CREIDIÚNAITHE		
Creidiúnaithe agus Caiteachas carnaithe - Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	(4,649)	(4,703)
GLAN-SHÓCMHAINNÍ REATHA	**7,035**	**7,806**
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA	**57,747**	**59,267**
Arna thaispeáint ag		
Deontaisí Caipitil iarchurtha	50,712	51,461
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	2,695	4,700
Cúlchiste Forbairt Chaipitil	4,340	3,106
	57,747	**59,267**


Ioncam
6%
7%
12%
66%
9%
Deontas Stáit
Táillí Caipitiochta
Táillí Teagaisc
Taighde & Comhairl.
Eile


Caiteachas Caipitil
0%
24%
24%
14%
38%
Foirgnimh
Daingneán & Feistis
Troscán & Trealamh
Trealamh Riomhaire
Gléasra & Innealra


Foinsí Deontaisí Caipitil
2% 0%
0%
17%
81%
Deont. Caip. Stáit, Roinn Oid. & Eolaíochta
Deont. Caip. Stáit, Údarás Ardoideachais
Leithdháileadh ó Dheontas Stáit Athfhillteach
Ama leithdháileadh ó chúl-chisti srianta
Foinsí eile


Caiteachas
26%
74%
Pá
Ábhair & Seirbhísí

Dualgaisí & Fógraí Reachtúla

Cód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit
Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit, a d'fhaomhaigh an Rialtas, Deireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gcloífidh an Institiúid leis an gCód.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
An aidhm atá le hAchtanna um Shonraí a Chosaint ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar a phróisiú a chosaint. Dlítear cearta sna hAchtanna do dhaoine aonair chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001
D'réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn baill an Bhord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.

Comhionannas
Tá an Institiúid tiomanta don pholasaí um dheiseanna comhionnanais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionnas san eagras. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtiú in obair, saoire staidéir, cláracha oideachais agus sosanna gairme.

Éifeachtacht Fuinnimh
Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003
Cuirtear forálacha Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh trí Acht um Shaoráil Faisnéise 2003 (Leasaithe) ar an Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí. Tháinig an Institiúid fé théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1 Deireadh Fómhair 2001.

Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:
- An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag boird phoiblí a rochtain,
- An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
- An ceart ar chúiseanna a fháil maidir le cinní a thógann boird phoiblí a bhaineann leat féin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta. Tá an Institiúid ag obair trína Dréachtscéim d'fhonn a chinntiú gur féidir léi na cuspóirí atá leagtha amach inti a bhaint amach

An tAcht um Íoc Pras-Chuntas, 1997
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíocht Dhéanach i nGníomhaithe Tráchtala).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 fé mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíocht Trá Lí a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí roimh an spriocam. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras inmheánach rialála srianta agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialála inmheánach na hInstitiúide cuntasaíocht agus srianta ríomhaireachta chun céannacht shonrasc agus chonarthaí a chinntiú chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear d'réir an Achta. Deineadh na srianta sin a dhearadh chun árachas réasúnta ach neamhiomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Táirgeann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc fós neamhíoctha agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2006.

Sonraí íocaíochtaí déanacha fén Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
37 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.

€168,656 an luach iomlán de shonraisc maidir le híocaíochtaí déanacha de bhreis ar €317.

B'é meánlíon na laethanta a ndearnadh moill san íocaíocht ná 42 lá.

Acht um Shábhailteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005
D'réir Acht um Shábhailteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá raiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

Scéala Eile

Bhí faisnéisiú na foirne ag an Uachtarán ar an 1 Meán Fómhair 2010.

Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 20010 eiseofar duilíní pá go leictreonach.

Reáchtáladh Lá na Spéire Goirme don bhFiontraí Óg ar an 1 Deireadh Fómhair 2010 in Óstán Brandon.

Reáchtáladh Aonach na nGairmeacha 2010/2011 de chuid IT, Trá Lí sa Phríomhleabharlann ar an gCéadaoin 6 Deireadh Fómhair.

Bhí bronnadh na gcéimeanna ar siúl Dé hAoine 22 Deireadh Fómhair 2010.

Ghlac an Roinn Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta le Scéim Teanga na hInstitiúide i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Reáchtáil Innealtóirí Talmhaíochta Óga Níochán na nGluaisteán bliantúil dá gcuid ar an gCéadaoin 10 Samhain sa Champas Theas agus ar an nDéardaoin 11 Samhain ar an gCampas Thuaidh. Tugadh na fáltais ar fad do chúis charthanachta.

Reáchtáladh Lá Oscailte ar an gCampas Thuaidh Dé hAoine 12 Samhain 2010.

Chun airgead a thiomsú reáchtáil Coiste na gCarthanas Díolachán Cistí ar an gCéadaoin 1 Nollaig ar an gCampas Thuaidh.

Reáchtáladh an Bricfeasta Mór bliantúil Dé hAoine 17 Nollaig i gCeaintín na Foirne ar an gCampas Theas. Imeacht carthanachta ab ea é seo agus tugadh na fáltais ar fad d'Óispís Chiarraí.

Bhí faisnéisiú foirne ag an Uachtarán ar an 21 Eanáir 2011.

Bhí Seachtain na mBóithre Sábháilte ar siúl ag Aontas na Mac léinn ó Dé Luain 31 Eanáir - Déardaoin 3 Feabhra 2011. D'eagraíodar taispeántas turraingte sábháilteacht ar bhóithre le cabhair ó na seirbhísí éigeandála.

Reáchtáladh coinbhinsiún aclaíochta bliantúil FITTSPORT Dé hAoine 18 Feabhra 2011.

Reáchtáladh an comhdháil Ealaíon agus Eolaíocht maidir lenár Leanaí a Thuistiú in IT, Trá Lí Dé Sathairn 26 Feabhra 2011 sa bhFoirgneamh Solas, an Campas Thuaidh. Ba iad Sir Richard Bowlby agus an Dr. Aric Signan na príomhchainteoirí. Eagraíodh an chomhdháil i gcomhar le FSS, CAIPE agus an Léig La Leche.

Reáchtáladh Lá Forbartha Gairmiúla Leanúnaí don bhliain acadúil 2010/2011 Dé Máirt 1 Márta 2011.

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tús leis an iniúchadh bliantúil ar an 7 Feabhra ar feadh 3 seachtaine.

Thug Derek Scally, comhfhreagraí an Irish Times i mBerlín agus céimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, cuairt ar an Institiúid Dé Luain, 14 Márta 2011 chun caint faoina eispéireas dé-chultúrtha mar chomhfhreagraí Éireannach thar lear.

Bhuaigh tionscnamh nua de chuid IT, Trá Lí dar teideal “Steps-2-Success” an Gradam Infhostaitheachta AHECS* (Comhghrúpa Seirbhísí Gairmeacha Ardoideachais) 2011. Fógraíodh sin ag na Gradaim um Earcaíocht Céimithe de chuid GradIreland i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin, 13 Aibreán 2011. Ghlac Louise Nagle, an comhordaitheoir cláir “Steps-2-Success” agus Mary Lucey, Ceann Roinne, leis an ngradam thar ceann na hInstitiúide.

Reáchtáladh an 4 Comhdháil Náisiúnta do Ghníomhaíocht Choirp ar an 6 agus 7 Bealtaine 2011 sa bhFoirgneamh Solas ar an gCampas Thuaidh. Eagraíodh an Chomhdháil i gcomhpháirtíocht leis an Ionad CARA APA agus le Comhairle Spóirt na hÉireann.

Bhí oscailt oifigiúil an gháirdín Eoin Dé an 11 Bealtaine 2011 ar an gCampas Theas.

Reáchtáladh Lá Forbairt Foirne ar an nDéardaoin 12 Bealtaine 2011.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

An Chlais

Trá Lí

Co. Chiarraí

Guthán: 066-7145600

www.ittralee.ie